

CAIBIDIL 9: CAITEACHAS AR TIL – BAINTEACHT LEANÚNACH AGUS LEASÚ FÉIDEARTHA

Is é sprioc leathan Chaibidil 9 ná breithniú a dhéanamh ar an oiread a fhírinníonn na cuspóirí leithdháileadh maoinithe phoiblí agus scrúdú a dhéanamh ar an scóip atá ann le haghaidh bealaí cuir chuige malartacha polasaí nó eagraíochtúla, chun na cuspóirí seo a bhaint amach ar bhonn níos éifeachtúla agus/nó níos éifeachtaí. Déanann Cuid 9.1 breithniú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fírinniú leanúnach ann le haghaidh leithdháileadh caiteachais.

Fiosraíonn Cuid 9.2 an méid caiteachais cuí agus an meascán caiteachais. Déanann Cuid 9.3 breithniú ar leasú ar chlár ar leith agus ar na tionchair airgeadais agus eile a bhíonn ag leasú. Déanann Cuid 9.4 cur síos ar íocaíochtaí TIL i gcomhthéacs leasaithe ar íocaíochtaí aois oibre agus déanann Cuid 9.5 plé ar aithint na dtáscairí feidhmíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na bpolasaithe agus na gclár TIL. Soláthraíonn Cuid 9.6 forbheathnú ar na moltaí sa tuarascáil agus cuireann cuid 9.7 bailchríoch ar an gcaibidil le hachóimre.

9.1 Fírinniú an leithdháilte leanúnaigh caiteachais

Díríonn an chuid seo ar an gceist measúnaithe: *“Céard é fírinniú an leithdháilte leanúnaigh cistí poiblí ar pholasaí tacaíochta ioncaim do leanaí agus ar chlár bhainteacha?”* Agus €2.3 billiún measta i gceist i rith 2010, tá an caiteachas ar thacaí ioncaim do leanaí an-suntasach ó thaobh an bhuiséid iomláin leasa shóisialaigh €21.1 billiún agus an caiteachas reatha poiblí go ginearálta (thart ar €50 billiún). Is ionann é agus athdháileadh suntasach cumhacht cheannaigh ar theaghlaigh ina bhfuil leanaí cleithiúnacha agus ar theaghlaigh atá ar bheagán airgid go háirithe. I gcomhréir leis an modheolaíocht a bhaineann leis an bpróiseas athbheithnithe LAA agus polasaí, déanann fírinniú leanúnach an chaiteachais seo talamh slán de go bhfuil comhcheangal de thacaíocht ón bpobal dá leithéid d'athdháileadh, easnamh meicníochtaí féideartha eile chun an méid seo a bhaint amach agus cumas na gclár éagsúil comhchoda a leithéid d'athdháileadh a sholáthar go héifeachtúil agus go héifeachtach.

9.1.1 Tacaíocht pholasaí agus páirtithe leasmhara

Mar a taispeánadh sa phróiseas comhairliúcháin, tá an chuma air go bhfuil tacaíocht láidir pholasaí agus páirtithe leasmhara ann do leanúint de chaiteachas ar thacaí ioncaim do

leanaí. Ina theannta sin, tugann an anailís ar na ráitis pholasaí éagsúla maidir le tacaíocht ioncaim do leanaí a ndearnadh breithniú orthu i gCaibidil 2, tugann sí le fios go bhfuil (faoi réir rabhaidh áirithe faoin gcothromaíocht idir an leibhéal tacaíochta do thacaíocht uilíoch in áit tacaíochta spriocdhírthe) tacaíocht láidir ann go fóill do mhéid áirithe athdháilte ar theaghlaigh ina bhfuil leanaí agus do laghdú bochtaineachta i measc leanaí.

9.1.2 Fáil ar mheicníochtaí eile

Meicníochtaí féideartha eile atá ann trínar féidir acmhainní a athdháileadh ar theaghlaigh ina bhfuil leanaí ná (a) tríd an gcóras cánachais, (b) trí dhearbháin nó trí sholáthar seirbhísí poiblí "comhchineáil" a thiofadh roimh an ngá a bheadh le tacaíocht airgid thirim nó (c) trí eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna).

An córas cánach mar mheicníocht mhalartach

Rinne an córas cánachais soláthar le haghaidh athdháileadh ioncaim indiúscartha ar theaghlaigh ina raibh leanaí trí oibriú liúntais chánach do leanaí suas go dtí lár na 1980idí. Ach cuireadh deireadh lena leithéid de liúntais i 1986 nuair a tugadh isteach an íocaíocht sochar linbh agus mar chuid de straitéis fhoisteanach rialtais chun bealach cuir chuige níos comhtháite a chur i bhfeidhm ar sholáthar tacaíochta do theaghlaigh. Fágadh eilimint áirithe d'athdháileadh spriocdhírthe ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim i bhfeidhm, trí oibriú breiseanna a bhain le leanaí agus a bhí curtha le tairseacha díolúine chánach, ach tá laghdú mór tagtha ar thábhacht na nithe seo le blianta beaga anuas (tagairt riachtanas). Mar sin, cé go bhféadfaí méid áirithe athdháilte a bhaint amach do theaghlaigh áirithe taobh istigh den chóras cánach, ní bheadh baint ag an gcóras cánachais leis na teaghlaigh sin nach bhfuil ioncam acu.

Is é an phríomhfhadhb atá ann le soláthar athdháilte do theaghlaigh tríd an gcóras cánachais, go háirithe teaghlaigh ar bheagán ioncaim, ná nach bhfuil ioncam inchánach ar bith acu nó ioncam inchánach neamhleor chun go n-oibreodh córas creidmheasanna cánach "nach bhfuil in-aisíoctha". Ba ghá córas creidmheasanna cánach "in-aisíoctha" a thabhairt isteach chun an fhadhb seo a réiteach. Sholáthair sé seo an bunús atá le moltaí éagsúla leasaithe sa RA le blianta beaga anuas, áit arbh é an bealach cuir chuige i leith tacaíocht spriocdhírthe do theaghlaigh ina bhfuil leanaí a leasú ná trí é a bhogadh ó scéim chaiteachais (Creidmheas Cánach Teaghlaigh ag Obair) go dtí an córas cánachais (Creidmheas Cánach Linbh). Go héifeachtach, bhí tacaíocht á soláthar do theaghlaigh tríd an gcóras cánach in áit an chórais leasa shóisialaigh. B'ionann seo agus leasú bunúsach ar an

modh seachadta tacaíochta do theaghlaigh¹⁴⁸ agus déantar breithniú ar na himpleachtaí níos leithne a bhainfeadh le leasú den chineál seo níos faide anonn sa chaibidil seo.

Athsholáthar le dearbháin nó seirbhísí comhchineáil

Dá bhfaighfí amach go mbeadh torthaí níos fearr ann mar gheall air seo, d'fhéadfaí rud eile a chur in áit íocaíochtaí airgid thirim mar thacaíocht ioncaim do leanaí, trí sholáthar dearbhán a d'fhéadfaí a fhuascailt ar cheannach na n-earraí cuí nó trí sheirbhísí a chabhraíonn le costas tógála leanaí nó a laghdaíonn bochtaineacht i measc leanaí.

Tá roinnt argóintí ann ar son úsáid dearbhán in áit íocaíochtaí airgid thirim. Mar shampla, dá mbeidís nasctha le ceannach earraí áirithe nó i siopaí áirithe, d'fhéadfaí iad a nascadh go sainráite le caiteachas a bhaineann le leanaí. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar dhearbháin go ndéanfaí "lipéadú" níos fearr ar an tairbhe, ar mhaithe le leanaí cleithiúnacha. Ar thaobh eile na seithe, tá roinnt míbhuntáistí ag baint leis an gcur chuige seo chomh maith. Bhainfeadh sé solúbthacht ó thuismitheoirí agus iad ag cinneadh ar an rud is mó atá chun leas a leanaí. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air chomh maith go ngabhfadh na soláthraithe luach na cumhachta caiteachais a thugtar do theaghlaigh agus d'fhéadfadh praghsanna a bheith curtha as a riocht mar thoradh air. Mar fhocal scoir, meastar córais dearbhán a bheith níos costasaí le reáchtáil i gcomparáid le córais airgid thirim agus d'fhéadfadh stiogma a bheith ag baint leo chomh maith. Ar na fáthanna seo, cuireadh deireadh le córais dearbhán sa chóras leasa shóisialaigh de réir a chéile (m.sh. bhí dearbháin ime mar ghné den chóras go dtí 1999, nuair a cuireadh deireadh leo).

Is léir go bhfuil seirbhísí áirithe, go háirithe sna hearnálacha oideachais agus sláinte, go bhfuil siad á soláthar cheana féin agus an cuspóir ar leith seo i gceist, mar shampla, an scéim béilí scoile san earnáil oideachais agus seirbhísí pédiatraiceacha san earnáil sláinte. Tá sé seo cuí go háirithe do sheirbhísí a sholáthraítear i dteannta a chéile, ar dócha nach soláthródh an margadh iad go himleor chun an t-éileamh a shásamh nó a mbeadh iarmhairtí doghlactha dáilte mar thoradh orthu (amhail vacsaíniú agus príomhsheirbhísí cúram sláinte). Ina theannta sin, d'fhéadfaí a mhaíomh go bhféadfadh roinnt comhsheirbhísí áirithe barainneacht scála (nó scóipe) a bhaint amach trí sholáthar díreach ina áit tacaíocht ioncaim a sholáthar do thuismitheoirí chun iad a cheannach ar son a leanaí (amhail clóis súgartha do leanaí nó áiseanna caithimh aimsire nó cúram leanaí).

¹⁴⁸ Jane Millar, 'Making work pay, making tax credits work: An assessment with specific reference to lone-parent employment', *International Social Security Review*, Imleabhar 61, (2008), lch 21 – 37.

D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh chomh maith ar sholáthar tacaíochta do theaghlaigh ina bhfuil leanaí, trí sheirbhísí a bhaineann le leanaí. Go deimhin, taispeánann comparáidí idirnáisiúnta go bhfuil caiteachas na hÉireann ar thacaíocht airgid thirim i bhfad níos airde ná caiteachas ar sheirbhísí a bhaineann le leanaí (go háirithe i gcomparáid leis na tíortha sin ina mbaintear torthaí bochtaineachta níos fearr amach). D'fhéadfaí a mhaíomh mar sin go bhféadfadh roinnt caiteachais ar shochair airgid thirim do leanaí toradh níos fearr a bhaint amach, má úsáidtear iad chun seirbhísí áirithe a sholáthar ar an leibhéal comhiomlán. Ach tá cuid mhaith de na costais a bhaineann le tógáil leanaí (bia, éadaí, tithíocht srl.) níos oiriúnaí do chinntí taobh istigh den aonad teaghlaigh agus cuireann an fhíríc seo teorainneacha suntasacha leis an oiread a d'fhéadfaí íocaíochtaí airgid thirim a athsholáthar le seirbhísí comhchineáil ar leith a bheadh dírithe ar theaghlaigh ar leith.

Féidearthacht an tsoláthair ag ENRanna

An bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do leanaí a sholáthar trí eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna)? Cé go bhfuil go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha ann a bhfuil sainordú nó guth láidir polasaí acu maidir le leanaí,¹⁴⁹ nó a sholáthraíonn roinnt forlíontaí ioncaim do theaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ina bhfuil leanaí, ní bheadh sé féideartha ná cuí a bheith ag brath ar ENRanna chun córas náisiúnta aistriúcháin a sholáthar do theaghlaigh ina bhfuil leanaí. Ní bheadh teacht ag a leithéid d'eagraíochtaí ar an méid acmhainní ná ar an eolas agus na hacmhainní riaracháin a bheadh de dhíth chun scéim mhór tacaíochta ioncaim a reáchtáil.

9.1.3 Athbhreithniú rialta ar bhainteacht pholasaí

Tarraingítear an cheist anuas go minic maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an caiteachas ar thacaí ioncaim do leanaí cumraithe ar an mbealach is fearr. Cé gurb é seo an chéad uair a rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí TIL (nó ar cheann ar bith dá phríomhchlár chomhdhéanamh) mar chuid den chlár luacha ar airgead agus athbhreithnithe polasaí, tá athbhreithniú rialta déanta ar an bpolasaí tacaíochta ioncaim do leanaí é féin ó tugadh isteach é. Déanta na fírinne, bhí sé mar chonclúid ag Tony McCashin ina leabhar ar an gcóras leasa shóisialaigh in Éirinn go bhfuil sé *"suntasach gurb é an cineál tionscnamh polasaí is coitianta (maidir le tacaíocht ioncaim do leanaí) ná an iarracht chun an córas de thacaíocht ioncaim do leanaí a dhíriú níos mó ar theaghlaigh ar bheagán airgid. I ngach aon deichbhliain ó na 1940í, tá ceannairí polaitiúla agus tráchtairí polasaí tar éis ceist uilíocht an tSochair Linbh a tharraingt anuas agus an gá atá le cáin a ghearradh air nó tástáil*

¹⁴⁹ Féach mar shampla na heagraíochtaí a dhéanann an chomhghuaillíocht ar son Deireadh a Chur Le Bochtaineacht i Measc Leanaí ionadaíocht ar a son <http://www.endchildpoverty.ie/about/index.html>

*acmhainne a dhéanamh air ionas go mbainfidh teaghlaigh ar bheagán ioncaim an leas is mó as. Níor aistríodh na moltaí seo ina bpolasaí riamh.*¹⁵⁰

Le roinnt deichbhlianta anuas, tá an polasaí ar TIL á bhreithniú ag an gCoimisiún um Leas Sóisialach (1986), an CNES (1990), an grúpa athbhreithnithe SL, an Grúpa Oibre ar Chomhtháthú na gcóras Cánach agus Leasa Shóisialaigh (1996) agus an CNES (2007). Tá na tuarascálacha athbhreithnithe seo go léir tar éis glacadh le bainteacht leanúnach an chaiteachais ar thacaíocht ioncaim do leanaí ann féin agus ba ghnách don chuid is mó den anailís agus moltaí a bheith dírithe ar an gcothromaíocht idir uirlisí uilíocha agus spriocdhírith. Níor cheistigh na tuarascálacha seo cén fáth a bhfuil an íocaíocht SL ann, ach leag siad béim ina áit sin ar an ngá atá le leasú a dhéanamh ar réimse na n-uirlisí roghnaitheacha mar dara ciseal íocaíochtaí chun torthaí níos fearr a bhaint amach maidir le bochtaineacht i measc leanaí.

Pléadh ceisteanna maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais go mion i gCaibidil 4. De réir na hanailíse seo agus an ionchuir sa phróiseas comhairliúcháin, tá an chuma air go mbíonn sé de nós ag tráchtairí nó páirtithe leasmhara ar bith a bhfuil buarthaí orthu aird níos mó a dhíriú ar leasú ar an bpolasaí tacaíochta ioncaim do leanaí ina cheart féin, in áit a bheith ag ceistiú cén fáth a bhfuil an caiteachas á dhéanamh go leanúnach in aon chor.

9.1.4 Oibleagáidí idirnáisiúnta

Tá roinnt coinbhinsiún idirnáisiúnta daingnithe ag Éirinn mar aon le cuid mhaith tíortha forbartha eile, ina bhfuil soláthar le haghaidh cosaint leasa shóisialaigh. Cuireann na coinbhinsiúin seo ceangal ar an tír dhaingniúcháin coimirce shóisialach a sholáthar le haghaidh teagmhais áirithe, amhail dífhostaíocht nó breoiteacht. Tá Éire páirteach i gcoinbhinsiún Uimh. 102 de chuid an EIS agus i gCód comhchosúil Eorpach ar Leas Sóisialach a chuimsíonn caighdeán íosta áirithe maidir le híocaíochtaí do leanaí agus do theaghlaigh. Tá tacaí á soláthar ag Éirinn faoi láthair atá i bhfad os cionn na gcaighdeán sin agus bheadh sé tábhachtach go mbeadh aon athruithe a dhéanfaí ar TIL i gcomhréir lenár ngealltanais idirnáisiúnta faoi na coinbhinsiúin seo.

Fionnachtain 9-1: Fírinniú leanúnach an chaiteachais ar TIL

Tá sé mar chonclúid ag an athbhreithniú gur féidir leanúint den chaiteachas chun tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh a fhirinniú, le béim ar leith ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim.

¹⁵⁰ Anthony McCashin, *Social Security in Ireland*, lth. 104.

Agus aird ar an tacaíocht láidir páirtithe leasmhara agus an fháil theoranta atá ar mheicníochtaí malartacha chun aschur comhchosúil a bhaint amach, athbhreithniú rialta ar an réimse polasaí agus oibleagáidí idirnáisiúnta, tá sé mar chonclúid ag an athbhreithniú gur féidir caiteachas acmhainní poiblí ar chlár thacaíochta ioncaim do leanaí a fhírinniú go leanúnach.

9.2 Méid agus meascán foriomlán an chaiteachais

Is é aidhm na coda seo agus an dá chuid ina dhiaidh sin ná díriú ar na ceisteanna measúnaithe seo a leanas: “Cé na hathruithe ar (i) pholasaí foriomlán maidir le TIL, (ii) an meascán idir cláir ar leith, agus (iii) dearadh agus oibriú na gclár ar leith a d'fheabhsódh éifeachtúlacht agus tionchar an pholasaí agus na gclár sa réimse seo?” Díríonn Cuid 9.2 ar an gcéad cheann acu seo, trí bhreithniú a dhéanamh ar mhéid foriomlán an chaiteachais ar thacaíocht ioncaim do leanaí agus díríonn Cuid 9.3 ar na himpleachtaí le haghaidh dhearadh agus oibriú na gclár ar leith.

Nuair a chuirtear a ilchuspóirí san áireamh, an bhfuil an Rialtas ag caitheamh méid rómhór, méid róbheag nó méid atá díreach ceart ar chlár TIL? Tá na daoine atá ag argóint nach bhfuil go leor á chaitheamh againn ag díriú ar an bhfíric go bhfuil leibhéil bhochtaineachta níos mó ann i measc leanaí agus go bhfuil méadú mór tagtha ar na costais a bhaineann le tógáil leanaí, go háirithe na costais sin a bhaineann le cúram íoctha leanaí, i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú, in ainneoin méadú mór ar a leithéid de thacaí. Go hidirnáisiúnta, tá sé soiléir go bhfuil an caiteachas foriomlán ar thacaíocht ioncaim do leanaí réasúnta ard in Éirinn, fiú nuair a dhéantar comparáid leis na tíortha sin ina mbaintear torthaí níos fearr amach.

Agus easpa ráitis shoiléir faoi shainroghanna sochaíocha agus rialtais ann maidir le fíorleibhéal na tacaíochta do theaghlaigh ina bhfuil leanaí, d'fhéadfaí leas sóisialach foriomlán a fheabhsú in ainneoin laghdú ar chaiteachas tacaíocht ioncaim do leanaí i gcásanna áirithe.

- Ar an gcéad dul síos, tugann an leibhéal caiteachais réasúnta íseal ar sheirbhísí a bhaineann le leanaí le fios go bhféadfadh torthaí suntasacha a bheith ann do leas leanaí ó chaiteachas breise spriocdhírthe.

- Ar an dara dul síos, ós rud é go bhfuil an pacáiste tacaíochta ioncaim do leanaí níos ísle ná an líne baol bochtaineachta, dhíreodh meascán tacaí atá níos airde agus níos roghnaithí ar chuid den bhearna seo.
- Ar an tríú dul síos, tá na leibhéil ísle ioncam fostaíochta, go háirithe i measc tuismitheoirí aonair, ina fhachtóir tábhachtach maidir leis an ioncam íseal teaghlaigh seo agus d'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith ag tacaí nó ionchur breise atá dírithe go speisialta orthu seo ar leas leanaí.

Tugann na pointí seo le fios nach gá go mbeadh torthaí agus tionchair níos fearr ar leanaí mar thoradh ar chaiteachas méadaithe ar thacaí airgid thirim faoin struchtúr íocaíochtaí atá ann faoi láthair. Déanta na fírinne, dá n-athrófaí struchtúr na n-íocaíochtaí le díriú ar bhonn níos fearr ar an gcomhbhabhtáil pholasaí atá pléite san athbhreithniú, d'fhéadfaí torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí trí chaiteachas comhiomlán níos ísle ar thacaí ioncaim agus an coigilteas á chaitheamh ar fheabhsú na seirbhísí a bhaineann le leanaí, sa chás go bhfuil sé i gcomhréir le srianta buiséadacha. Thug cuid mhaith de na tráchtanna a rinneadh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le fios gur gá go mbeadh seirbhísí níos fearr do leanaí agus leasú ar an gcóras íocaíochtaí in éineacht le caiteachas ar thacaí ioncaim.

Fionnachtain 9-2: Torthaí níos fearr neamhdhóchúil ó chaiteachas breise TIL

Tháinig méadú suntasach ar an méid caiteachais ar thacaí ioncaim do leanaí i rith thréimhse an athbhreithnithe agus tá sé suntasach go fóill in ainneoin ciorrú a rinneadh le déanaí. Bheadh sé níos éasca conclúid chinnte ar leibhéal foriomlán an chaiteachais a dhéanamh dá mbeadh léargas soiléir ann ar cén méid breise a bheadh ar leanbh agus cuspóir soiléir polasaí maidir le cé mhéad den chostas seo a roinnfí idir teaghlaigh ar láimh amháin agus an tsochaí i gcoitinne ar an láimh eile. Ach i bhfianaise na hanailíse san athbhreithniú, níl an chuma ar an scéal go mbainfí amach torthaí níos fearr do leanaí ó chaiteachas méadaithe ar thacaí ioncaim amháin. Sa chás go n-atreofaí acmhainní reatha agus amach anseo chuig seirbhísí a bhaineann le leanaí nó chuig íocaíochtaí a bheadh níos spriocdhírithe taobh istigh de struchtúir leasaithe TIL, d'fhéadfaí torthaí do leanaí a choinneáil nó a fheabhsú fiú le laghdú réasúnta beag ar chaiteachas. Is é an tuairim atá san athbhreithniú ná go bhféadfaí torthaí comhchosúla nó níos fearr a bhaint amach leis na hacmhainní atá ann cheana, má dhéantar leasú struchtúrtha spriocdhírithe ar sheirbhísí do leanaí.

Agus "imchlúdach caiteachais" luaite in easnamh, is léir go bhfuil ceist an **mheascáin chuí** de bhearta uilíocha agus spriocdhírithe ríthábhachtach. I rith thréimhse an athbhreithnithe, laghdaíodh méid na comhbhabhtála trí spleáchas mór ar íocaíochtaí uilíocha. An bhfuil an bealach cuir chuige seo cuí go fóill sa chás eacnamaíoch agus fioscach atá ann faoi láthair, nuair a chuirtear na príomhchuspóirí polasaí TIL agus cuspóirí eile san áireamh, amhail coinneáil dreasachtaí margadh saothair agus díriú ar chostas an chúraim leanaí? An mbeadh

meascán polasaí eile de bhealaí cuir chuige uilíocha agus roghnaitheacha níos éifeachtaí i mbaint amach cúnaimh do gach teaghlach ina bhfuil leanaí cleithiúnacha agus i ndul i ngleic le bochtaineacht i measc leanaí, chomh maith le dreasachtaí le glacadh le hobair íochta a choinneáil nó a fheabhsú ag an am céanna? Tugann an anailís i gCaibidil 4 agus sa chéad chuid eile le fios nach féidir mórán d'fheabhsú a dhéanamh ar an gcothromaíocht sa struchtúr íocaíochta atá ann faoi láthair. D'fhéadfaí tuilleadh acmhainní a dhíriú trí uirlisí roghnaitheacha agus d'éascódh leasú na n-uirlisí atá ann faoi láthair ar an gcaoi atá pléite i gCaibidil 5 é seo, ach rachadh dídhreasachtaí airgeadais in olcas de bharr róspleáchais ar uirlisí roghnaitheacha atá ann faoi láthair agus ghéaródh sé neamhréireanna idir uirlisí roghnaitheacha chomh maith (go háirithe MLCanna agus FIT).

Fionnachtain 9-3: Cás láidir ar son féidearthacht leasaithe struchtúrtha ar pholasaí agus ar chlár TIL a scrúdú

Tá sé mar chonclúid ag an athbhreithniú gur féidir cás láidir a dhéanamh ar son leasú struchtúr na dtacaí i bhfianaise (i) staid an airgeadais phoiblí faoi láthair, (ii) athrú féideartha ar an gcothromaíocht idir an dá phríomhchuspóir atá mar bhonn leis an tacaíocht seo agus (iii) tuilleadh buartha ghinearálta faoi éifeachtacht an chaiteachais ar laghdú bochtaineachta i measc leanaí. Bheadh an chonclúid seo níos láidre fiú i gcás go raibh níos lú acmhainní ar fáil, ach baineann sé le méid na n-acmhainní faoi láthair chomh maith. Ina ainneoin seo, is an tuairim mheáite atá san athbhreithniú ná go bhfuil tairbhí ag baint le straitéis mheasctha agus aithnítear ann go gcuireann sé seo teorainn leis an oiread athchothromaithe is féidir a thriail. Laghdófaí cuid de na srianta sin trí leasú féideartha ar struchtúr íocaíochta. Molann an t-athbhreithniú go mbeadh an straitéis fhoriomlán á stiúradh le múnla measctha soláthair a sheachnaíonn míbhuntáistí na mbealaí cuir chuige a bhí ann roimhe seo (mídhreasachtaí fostaíochta an bhealaigh cuir chuige sna 1980í/1990í a bhí roghnaitheach go príomha agus costais mhóra an chórais atá uilíoch go príomha le deich mbliana anuas). Go praiticiúil, d'fhéadfadh an chomhchuid uilíoch a bheith níos lú ná an chomhchuid roghnaitheach i rith blianta áirithe, ach má tá luach an SL le bogadh i bhfad faoi bhun na heiliminte roghnaithí, molann an t-athbhreithniú gur chóir breithniú mór a dhéanamh ar leasú struchtúrtha a chur chun cinn ar na bealaí a ndéantar breithniú orthu sna moltaí seo a leanas.

9.3 Leasúcháin fhéideartha clár agus struchtúrtha

Is é aidhm na coda seo ná díriú ar na ceistanna measúnaithe: “Céard iad na hathruithe i ... ndearadh agus oibriú na gclár ar leith a d'fheabhsódh éifeachtacht agus tionchar polasaí agus clár sa réimse seo?” Is féidir réimse bealaí cuir chuige malartacha chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach i gcaiteachas TIL a aithint. Agus na critéir ar féidir leasuithe a mheasúnú ina n-aghaidh leagtha amach, (9.3.1), déanann an chuid athbhreithniú ar chuid de na bealaí cuir chuige seo a d'fhéadfadh bealach cuir chuige

measctha (rud a thugann spleáchas níos mó ar ionstraimí spriocdhírthe ná mar a bhí ann roimhe seo le fios) a chomhcheangal le híoslachdú an tionchair fhéideartha dhiúltaigh ar dhídhreasachtaí oibre a eascraíonn ó leibhéal spriocdhírthe níos mó. Is féidir na bealaí cuir chuige seo a mhiondealú go garbh ina dtrí phríomhchatagóir agus tá achoimre déanta orthu i dTábla 9-1:

- **fanacht taobh istigh de na struchtúir TIL atá ann faoi láthair, le leasú féideartha ar eilimintí áirithe (9.3.2):** Déanann sé seo talamh slán de go bhféadfaí bealach cuir chuige measctha a bhaint amach taobh istigh den struchtúr íocaíochtaí atá ann faoi láthair go príomha (SL, MLCanna agus FIT) trí luach coibhéiseach gach íocaíochta a athrú le leasú féideartha ar leibhéal scéime chun a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht a fheabhsú;
- **athruithe taobh istigh den scéim SL amháin chun roghnaitheacht níos mó a bhaint amach (9.3.3):** Díríonn sé seo ar leasú na híocaíochta sochar linbh trí mheicníocht cánachais nó tástála acmhainne amháin;
- Bealaí cuir chuige comhtháite i leith leasú (9.3.3): Díríonn sé seo ar thrí bhealach cuir chuige i leith leasú, a bhfuil nádúr struchtúrtha ag baint leo, trí iarracht a dhéanamh réimse reatha na n-íocaíochtaí a chomhtháthú.

Tábla 9-1: Cur chuige straitéiseach leathan i leith leasú íocaíochtaí Tacaíochta Ioncaim do Leanáí

<i>Catagóirí</i>	Bealaí cuir chuige féideartha
Fanacht taobh istigh de na struchtúir reatha TIL	1. Athchothromú caiteachais taobh istigh de na struchtúir clár atá ann faoi láthair nó atá leasaithe
Athruithe taobh istigh den scéim SL chun roghnaíocht mhéadaithe a chinntiú	2. Sochar Linbh a dhéanamh inchánach 3. Sochar Linbh a chur faoi réir tástáil ioncaim nó acmhainne
Leasú a dhéanamh ar chóras na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do leanáí	4. Creidmheas cánach in-aisíochta a thabhairt isteach maidir le leanáí 5. Íocaíocht tacaíochta ioncaim dara ciseal a chur in áit MLCanna agus FIT 6. Comhtháthú íocaíochtaí TIL le comhchodanna uilíochta agus roghnaitheacha

9.3.1 Leasú polasaí TIL - critéir le haghaidh measúnú

Is é aidhm na coda seo ná na critéir leathana atá mar bhonn le leasú polasaí TIL is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na bealaí cuir chuige éagsúla i leith leasú a aithint. Baineann an pointe tosaigh le cé acu an bhfeabhsaíonn nó nach bhfeabhsaíonn leasuithe an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht lena gcomhlíontar na cuspóirí le haghaidh íocaíochtaí tacaíochta do leanáí le cláir chaiteachais. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh sé mar chuspóir ag leasúcháin ar bith ar an gcóras tacaí ioncaim do leanáí:

- Méid réasúnta cúnaimh a sholáthar do theaghlaigh le costais tógála leanaí cleithiúnacha ar bhealach a chinntíonn cúnamh do leanaí (m.sh. infheictheacht na híocaíochta mar thaca do leanaí)
- Torthaí níos fearr a bhaint amach in aghaidh bochtaineachta i measc leanaí
- Dídhreasachtaí airgeadais in aghaidh glacadh le fostaíocht a sheachaint
- Cur le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí
- A bheith féideartha ó thaobh a gcostas agus a n-iarracht feidhmiúcháin de
- Nithe eile a chomhlíonadh de réir mar is cuí m.sh. rialacháin an AE a chomhlíonadh, ualach rómhór ar chustaiméirí a sheachaint)

9.3.2 Athchothromú taobh istigh de na struchtúir TIL atá ann cheana

Cur chuige leathan

Is é an cur chuige a bheadh ann sa chás seo ná an meascán caiteachais a athrú ó mheascán uilíoch go meascán roghnaitheach, taobh istigh den struchtúr atá ann faoi láthair go príomha. Chuirfeadh sé seo (mar a rinneadh i gcáinainnéisí le déanaí) coinneáil na struchtúr atá ann cheana le haghaidh tacaíocht TIL, ach athchothromú caiteachais ó SL go MLCanna agus FIT trí athruithe rátaí nó trí mheicníocht éigin eile. I bhfocail eile, laghdófaí an ráta íocaíochta SL i gcomhréir le leibhéal foriomlán caiteachais ar TIL, in éineacht le méaduithe cúiteacha ar MLCanna (d'fhonn luach an phacáiste TIL a choinneáil) agus ar thairseacha FIT.¹⁵¹ Cé go bhfuil an seans ann go gceapfaí nach bhfuil an bealach cuir chuige seo i leith leasú chomh radacach le bealaí cuir chuige eile a ndéantar breithniú orthu thíos, d'fhéadfadh athruithe móra a bheith i gceist leis ar an gcaoi a bhféadfadh gach ceann de na comhchuideanna oibriú agus idirghníomhú lena chéile, d'fhonn díriú ar chuid de na heasnamh a léiríodh faoi na cláir seo i gCaibidil 5.

Mar shampla, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar laghdú foriomlán ar íocaíochtaí SL, in éineacht le comhdhlúthú rátaí, ós rud é nach bhfuil gá le ról "lipéadaithe bochtaineachta" na n-íocaíochtaí atá níos airde do theaghlaigh atá níos mó a thuilleadh, i gcás ina bhfuil suntas níos mó ag baint le híocaíochtaí roghnaitheacha. Agus breis acmhainní á soláthar d'íocaíochtaí roghnaitheacha, tá na hargóintí polasaí ar son íocaíochtaí SL níos mó don tríú leanbh nó do leanaí ina dhiaidh sin níos laige agus d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar an mbearna eatarthu seo a laghdú. Ina theannta sin, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh chomh

¹⁵¹ Mar shampla, mhéadódh méadú ar an MLC seachtainiúil gach tairseach FIT de mhéideanna difriúla agus é faoi réir líon na leanaí. Dhéanadh méadú €10 in aghaidh na seachtaine ar luach an MLC méadú €14 in aghaidh na seachtaine ar an tairseach le haghaidh teaghlaigh ina bhfuil aon leanbh amháin agus méadú €72 in aghaidh na seachtaine le haghaidh teaghlaigh ina bhfuil ceathrar leanaí.

maith ar athruithe móra ar an gcaoi a n-oibríonn an córas FIT taobh istigh den chomhthéacs seo (amhail breithniú arís ar choinníoll leibhéal na n-uaireanta a oibrítear agus íocaíocht chomhuaineach FIT in éineacht le MLCanna i gcásanna áirithe). Bheadh cuspóirí comhchosúla ag baint lena leithéid de leasú ar leibhéal cláir leis na bealaí cuir chuige atá níos dírithe ar leasú córasach atá breithnithe thíos (is é sin, spriocdhírú bochtaineachta níos éifeachtaí, fad is a dhéantar íoslaghdú ar thionchar na ndídhreasachtaí fostaíochta).

Leagan eile de seo a bheadh ann ná leasú a dhéanamh ar ghnéithe ar leith de gach ceann de na scéimeanna comhdhéanaimh, d'fhonn a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht a fheabhsú. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh chomh maith ar athruithe ar FIT (amhail: cealú na n-íocaíochtaí comhthráthacha i gcomhréir le tuarascáil McCarthy; athchalabhrú na tairsí FIT chun leibhéal na tacaíochta do theaghlaigh atá níos lú a laghdú; méadú líon na n-uaireanta le cáiliú le haghaidh FIT). Cé go bhféadfadh a leithéid de leasúcháin oibriú scéimeanna ar leith a fheabhsú, ní dócha go réiteoidh siad príomhfhadhb dhul in olcas na ndreasachtaí fostaíochta.

Cúnamh le costas tógála leanaí

Is é an phríomh-éifeacht a bhainfeadh leis an gcur chuige seo ná go laghdófaí an méid cúnamh le costas tógála leanaí a sholáthraítear go huilíoch do **gach** teaghlach. Maidir le teaghlaigh ar bheagán ioncaim, choinneofaí (nó mhéadófaí) an méid tacaíochta trí uirlisí roghnaitheacha eile a leanfaí dá n-oibriú.

Laghdú bochtaineachta leanaí

Tá sé d'acmhainneacht ag an gcur chuige seo acmhainní a aistriú chuig na daoine is mó a bhfuil siad de dhíth orthu agus tá sé d'acmhainneacht aige tionchar dearfach a imirt ar bhochtaineacht i measc leanaí chomh maith dá bharr.

Seachaint dídhreasachtaí airgeadais

Bheadh an tionchar ar dhídhreasachtaí airgeadais faoi réir athchothromú an mheascáin caiteachais a baineadh amach idir SL, MLCanna agus FIT go príomha agus an oiread is féidir na híocaíochtaí deireanacha seo a struchtúru, chun an dreasacht a choinneáil le glacadh le nó le fanacht ag obair. Ach bheifí ag súil leis go ngéaródh sé seo na dídhreasachtaí fostaíochta, ós rud é go gcaillfí MLCanna nuair a ghlacfaidh faighteoir leasa shóisialaigh le post agus theipfeadh air díriú ar chuid mhaith de na fadhbanna struchtúrtha a bhaineann leis na híocaíochtaí reatha.

Tionchar ar airgeadas poiblí

Bheadh an tionchar ar airgeadas poiblí faoi réir an oiread athchothromaithe a dhéanfaí ar an meascán caiteachais. Bhí glanchoigilteas €122 milliún mar thoradh ar na bearta a fógraíodh i gCáinainéis 2010, nuair a rinneadh laghdú €16 in aghaidh na míosa ar rátaí SL, ach go ndearnadh méadú coibhéiseach ar MLCanna agus FIT.

Féidearthacht an chuir i bhfeidhm

Bheadh sé de bhuntáiste ag an gcur chuige seo go bhfuil sé éasca é a thuiscint (simplíocht) agus réasúnta éasca le riar, ós rud é go mbeadh sé ag brath go príomha ar na struchtúir riaracháin atá ann cheana le bheith curtha i bhfeidhm.

Nithe eile

Ní bheadh aon impleachtaí ag baint leis an mbealach cuir chuige seo maidir leis an gcás atá ann faoi láthair faoi Rialacháin an AE um leas sóisialach. Choinneodh na híocaíochtaí a bheadh i gceist a n-aicmiú reatha ar mhaithe le comhordú faoi na Rialacháin seo. Ar an gcaoi chéanna, leanfadh faighteoirí na híocaíochta de bheith ag ionannú leis na snáitheanna ar leith ina n-íocaíocht iomlán, cé go bhfuil baol ann nach mbeidh faighteoirí ag ionannú leis an bpacáiste iomlán TIL agus go mbeidh siad ag ionannú leis an SL laghdaithe amháin. Ach tá sé de bhuntáiste ag an mbealach cuir chuige seo go leanann sé den lipéadú reatha agus níor chóir go mbeadh aon tionchar diúltach suntasach ag baint leis ina leith seo.

Fionnachtain 9-4: Acmhainneacht áirithe ann taobh istigh den chóras reatha TIL chun é a dhéanamh níos éifeachtaí maidir le baint amach cuspóirí, ach tá srianta suntasacha ann

Tá na hathruithe a rinneadh le déanaí ar chaiteachas TIL tar éis an córais a athrú ó bheith uilíoch go príomha go bheith measctha. Tá acmhainneacht ann go fóill chun an córas a dhéanamh níos éifeachtaí taobh istigh den chóras tacaí ioncaim atá ann faoi láthair i ndírú ar bhochtaineacht i measc leanaí, gan lagú suntasach a dhéanamh ar léibhéal an chúnaimh do gach teaghlach. Bhainfeadh roinnt leasuithe struchtúrtha amhail cealú an ráta SL atá níos airde agus é a dhírú ar íocaíochtaí roghnaithe (i gcomhréir le srianta buiséadacha), bhainfidís torthaí amach a bheadh pas beag níos fearr maidir le bochtaineacht i measc leanaí. Cé go mbeadh laghdú breise ar an ráta caighdeánach d'íocaíocht SL in éineacht le méaduithe ar ionstraimí spriocdhírthe i réimse córais mheasctha go fóill, méadaíonn sé an baol go lagóidh ionstraimí roghnaitheacha na fachtóirí indíreacha (dreasachtaí fostaíochta) agus fachtóirí díreacha (rátaí fostaíochta) a chuir leis an laghdú ar bhochtaineacht i measc

leanaí le blianta beaga anuas. Mar sin, tá teorainn leis an oiread is féidir torthaí níos fearr a bhaint amach anseo leis an struchtúr atá ann faoi láthair. Molann an t-athbhreithniú roinnt athruithe ar an gcóras atá ann faoi láthair (Caibidil 5) a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu mar mhodh feabhsaithe torthaí, go háirithe i laghdú bochtaineachta i measc leanaí agus nach mbeadh neamhréireach le leasú níos bunúsaí, d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach.

9.3.3 Caiteachas SL a dhéanamh níos roghnaithí

Déanann an t-athbhreithniú breithniú ar bhealaí cuir chuige atá níos bunaithe ar struchtúr i leith leasú faoin dara ceannteideal seo, ach baineann siad leis an íocaíocht SL amháin.

SL inchánach

Cur síos leathan

Ní fhéachtar ar ioncam SL mar ioncam inchánach faoi láthair agus ní bhíonn sé san áireamh sa bhonn cánach dá bharr. Bealach cuir chuige amháin i leith leasú TIL atá ann i bplé polasaí ó na 1970í ar a laghad ná méadú a dhéanamh ar luach na n-íocaíochtaí SL (mar mhalairt ar MLCanna), ach cáin a ghearradh air d'fhonn an glanchostas ar an stát maidir leis seo a laghdú. I ndeireadh na dála, méadaíodh luach an SL go suntasach le deichbhliain anuas ach níor gearradh cáin air. Bhí an easpa cánachais a ghearrtar ar SL aicmithe ag an gCoimisiún um Chánachas (2009) mar chaiteachas cánach, rud a bhíonn chun sochair go díreireach do theaghlaigh ardioncaim agus tá sé seo mar bhonn le moladh a rinne an Coimisiún cáin a ghearradh ar SL, ach creidmheas cánach do leanaí a thabhairt isteach do theaghlaigh sa chuid íochtair den dáileadh ioncaim chomh maith. Níor dhírigh an Coimisiún go díreach ar an argóint cothromaíochta cothrománaí a úsáideadh sa chéad Choimisiún um Chánachas i gcoinne gearradh cánach ar SL (tagairt ó Chaibidil 1).

Cúnamh le costas tógála leanaí

Sholáthródh an bealach cuir chuige cánachais méid íocaíochta go fóill do gach teaghlach ina bhfuil leanaí. D'athródh aithint luach na híocaíochta go suntasach agus é faoi réir na caoi a gcuirfí cánachas i bhfeidhm.

Laghdú bochtaineachta leanaí

Ní bheadh tionchar suntasach ag an mbealach cuir chuige seo ann féin ar bhochtaineacht i measc leanaí agus bheadh sé ag brath ar an oiread acmhainní a d'infheisteofaí in uirlisí roghnaitheacha. Tá sé d'acmhainneacht ag an mbealach cuir chuige seo acmhainní a spriocdhíriú ar na daoine is mó a bhfuil siad de dhíth orthu san aon chás go mbeadh na hacmhainní seo dírithe ar chaiteachas roghnaitheach agus go mbeadh sé d'acmhainneacht acu bochtaineacht i measc leanaí a laghdú dá bharr (agus an fhéidearthacht ann go mbeadh torthaí diúltacha dreasachtaí fostaíochta i gceist do na daoine sa chóras cánach agus na daoine sin atá ag brath ar leas sóisialach araon – féach an chéad chuid eile).

Seachaint dídhreasachtaithe airgeadais

Bheadh an tionchar ar dhídhreasachtaí airgeadais faoi réir cé acu an mbeadh nó nach mbeadh leasú i réimsí eile de TIL comhcheangailte le cánachas SL go príomha. Ina éagmais seo, tá sé d'acmhainneacht ag an mbealach cuir chuige seo a bheith mar éifeacht dídhreasachta, ós rud go gcuirfeadh sé le rátaí imeallacha cánach, go háirithe i gcás dara saothraithe. Mura mbainfeadh an chothromaíocht cheart amach, tá an seans ann go rachaidh na dídhreasachtaí fostaíochta in olcas.

Tionchar ar airgeadas poiblí

Bheadh tionchar dearfach ag an mbealach cuir chuige seo ar airgeadas poiblí ós rud é go méadódh sé ioncam cánach, in ainneoin nach laghdódh sé caiteachas.

Féidearthacht an chuir i bhfeidhm

Bhainfí cánachas SL amach i bprionsabal trí asbhaint SL trí aisbhaint ar ioncam eile ("códú isteach") nó trí asbhaint cánach ó íocaíocht SL ag an bhfoinse. Baineann na deacrachtaí a bhaineann le cáin ar SL leis an sainmhíniú ar agus comhiomlánú ioncaim a shocródh an chóireáil chánach chuí. Príomhcheist eile a bheadh ann ná cén chaoi a mbaileofaí an cháin .i. ag an bhfoinse nó trí chódú isteach. Tá sé soiléir go bhfuil go leor deacrachtaí ag baint le cánachas SL.

Nithe eile

Ní bheadh aon impleachtaí ag baint leis an mbealach cuir chuige seo maidir leis an gcás atá ann faoi láthair faoi Rialacháin an AE um leas sóisialach. Choinneodh SL a aicmiú reatha ar

mhaithe le comhordú faoi na Rialacháin seo. Ach cé go bhféadfadh faighteoirí leanúint dá n-ionannú leis na snáitheanna ar leith ina n-íocaíocht iomlán, tá an baol ann nach ndéanfaidh siad ionannú ach leis an SL laghdaithe, rud a laghdódh infheictheacht na híocaíochta.

Tástáil ioncaim nó acmhainne ar íocaíocht SL

Cur síos leathan

Íoctar íocaíochtaí de réir tástáil acmhainne maidir leis na príomhrioscaí sóisialta (m.sh. dífhostaíocht, míchumas, seanaois, baintreach, tuistiú aonair) sa chás go bhfuil acmhainn an chustaiméara measúnaithe a bheith faoi bhun leibhéal áirithe agus sa chás nach bhfuil go leor ranniocaíochtaí Árachais Shóisialaigh aige/aici le cáiliú le haghaidh an chóimhéid ranniocaigh. Déantar laghdú áirithe ar an íocaíocht i gcás tuillimh atá os cionn na méideanna seo, ach tarraingítear an íocaíocht siar go hiomlán os cionn pointe ioncaim áirithe maidir leis na sochair go léir atá de réir tástáil acmhainne. D'fhéadfadh oibriú praiticiúil na tástála acmhainne a bheith difriúil i gcás íocaíochtaí éagsúla, ach is gnách go gcuireann tástáil acmhainne de chuid an RCS na nithe seo a leanas san áireamh:

- méid agus comhdhéanamh an teaghlaigh;
- réadmhaoin, ioncam airgid thirim, acmhainn páirtnéara agus daoine eile sa teaghlach, chomh maith le híocaíochtaí eile leasa shóisialaigh;
- ráta tarraingthe siar a laghdaíonn íocaíochtaí ar fud réimse ioncaim atá réasúnta caol.

Bheadh sé d'acmhainneacht ag tástáil acmhainne feabhsú a dhéanamh ar spriocdhíríú sochair, trí thairseach a chur i bhfeidhm maidir le hioncam teaghlaigh agus tríd an sochar a bhaint go hiomlán nó ar ráta céatadán áirithe (barrchaolú) i gcás an ioncaim go léir, rud a spriocdhíreodh na hacmhainní atá ar fáil dóibh siúd atá ar bheagán ioncaim agus a bheadh ar na daoine is mó i mbaol bochtaineachta dá bharr. Ach baineann na príomh-mhíbhuntáistí le (a) leibhéal na n-acmhainní atá de dhíth chun riar agus cloí leis na rialacha a chinntiú maidir le hacmhainn, (b) dídhreasachtaí a bheith ann maidir le glacadh le nó méadú oibre íochta (c) an chastacht a bhaineann léi i dtuiscint a fháil ar theidlíocht agus na himpleachtaí atá ann do ghlacadh sochar agus laghdú bochtaineachta agus (d) an stiogma féideartha a bhaineann le híocaíochtaí de réir tástáil acmhainne.

Cúnamh le costas tógála leanaí

Sholáthródh an bealach cuir chuige seo méid íocaíochta go fóill do gach teaghlach ina bhfuil leanaí. Bheadh an oiread cúnamh a sholáthródh sé le costas tógála leanaí faoi réir dhearadh

na tástála acmhainne agus an oiread eilimintí ar leith a bhaineann le costas tógála leanaí a chuirfí san áireamh sa tástáil acmhainne.

Laghdú bochtaineachta leanaí

Tá sé d'acmhainneacht ag an mbealach cuir chuige seo acmhainní a dhíriú ar na daoine is mó a bhfuil siad de dhíth orthu agus tá sé d'acmhainneacht aige tionchar dearfach a imirt ar laghdú bochtaineachta i measc leanaí dá bharr. Ní bheadh tionchar suntasach aige seo ann féin ar bhochtaineacht i measc leanaí agus bheadh sé ag brath ar an oiread coigiltis a d'infheisteofaí arís in uirlisí roghnaitheacha.

Seachaint dídhreasachtaithe airgeadais

Tá an seans ann go mbeadh éifeacht dídhreasachta thar a bheith suntasach i gceist ar shaothraithe ioncaim, ós rud é go gcuirfeadh sé le rátaí imeallacha cánach, go háirithe i gcás dara saothraithe sna teaghlaigh.

Tionchar ar airgeadas poiblí

Tá éiginnteacht an-mhór ann faoin tionchar baileach a bheadh ag tástáil ioncaim nó acmhainne. Bheadh na himpleachtaí ar leith do leibhéal an chaiteachais faoi réir na ngnéithe éagsúla deartha a bhainfeadh leis an gcaoi a ndéanfaí sainmhíniú ar ioncam inmheasúnaithe, an tairseach ag an laghdófaí íocaíochtaí agus an ráta ag a dtarlódh sé seo. Ba ghá cinneadh a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha eile, amhail an chaoi ar chóir caitheamh le teaghlaigh ina bhfuil líonta difriúla leanaí, chomh maith leis an gcaoi le díriú ar an gceist ioncaim athraithe nó dálaí teaghlaigh athraithe taobh istigh den tréimhse mheasúnaithe. Ba ghá ceisteanna maidir le dóchúlacht dearbhaithe an ioncaim bhaintigh go léir agus bailiú riaráistí agus aisíocaíocht ganníocaíochtaí a chur san áireamh chomh maith. Ina theannta sin, is féidir go mbeadh éifeacht 'dhinimiciúil' i gceist, sa chaoi go bhféadfadh daoine a n-íompraíocht a athrú (amhail a n-uaireanta oibre) d'fhonn an laghdú ar a n-íocaíocht sochar linbh a íoslaghdú.

Féidearthacht an chuir i bhfeidhm

Tá ceisteanna móra riaracháin agus costais ag baint le riar na rogha seo – baintear úsáid as cuid mhaith acmhainní nuair a dhéantar tástáil acmhainne a riar. Tá deacrachtaí suntasacha ag baint le bailiú sonraí ioncam teaghlaigh agus nuashonrú na sonraí seo. Tá na fadhbanna seo méadaithe ag scála na n-íocaíochtaí SL agus an chaoi go n-íoctar cuid mhaith íocaíochtaí

le haghaidh leanaí a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den stát. I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh tuismitheoir amháin a bheith ina c(h)ónaí agus/nó ag tuilleamh ioncaim taobh amuigh den stát chomh maith. Tarraingíonn an bealach cuir chuige seo ceisteanna anuas chomh maith maidir le nósanna imeachta rialaithe. Tá dhá phríomh-eilimint ag baint le tabhairt isteach tástáil ioncaim nó acmhainne. Is í an chéad cheann atá ann ná an fháil atá ar shonraí ioncaim nó acmhainne atá cruinn agus réasúnta nuashonraithe, le haghaidh na dteaghlach go léir atá ag éileamh. Is é an dara ceann ná sonraíocht príomhpharaiméadair na tástála acmhainne/ioncaim is féidir a chur i bhfeidhm ar shonraí an éilitheora le ríomh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-éilitheoir i dteideal na híocaíochta agus luach na teidlíochta sin.

Mar ghaol leis an gcéad cheann acu sin, thug an Grúpa Stiúrtha faoi deara nach raibh aon tástáil ioncaim ann taobh istigh den tseirbhís phoiblí ina bhfuil an scóip atá ann faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar na teaghlaigh go léir ina bhfuil leanaí (tá thart ar 600,000 teaghlach i gceist leis an ualach éilimh SL). Níl ach sciar an-bheag de na tástálacha acmhainne seo á dhéanamh ag an RCS dá príomh-íocaíochtaí de réir tástáil acmhainne faoi láthair. Is é an réimse eile a bheadh le breithniú ná sonraí ioncaim ag an Coimisinéirí Ioncaim. Ach ós rud é go mbailítear na sonraí seo ar bhonn aonad cánach (nó ar chomhbhonn i gcás na coda is mó lánúineacha pósta) in áit bonn teaghlaigh agus go bhfuil ceanglas ann sa Chód Cánach go seolfaí é chuig na Coimisinéirí Ioncaim tar éis dheireadh na bliana ina dtuilltear é (m.sh. beagnach dhá mhí dhéag tar éis dheireadh na bliana do dhaoine féinfhostaithe), ba ghá obair bhreise a dhéanamh ionas go mbeadh sé inúsáidte ar mhaithe le tástáil ioncaim. Bhí sé mar mheastachán ag cleachtadh a rinne an RCS i 2009 go bhféadfadh gá a bheith le 300-500 ball foirne le haghaidh córas íocaíochta SL a bheadh de réir tástáil acmhainne. Maidir leis an dara pointe, fiú dá mbeadh bunachar sonraí aonair teaghlach atá cothrom le dáta ar fáil, níor chinnte go mbeadh na paraiméadair (scoitheadh ioncaim, ráta aistarraingthe) i bhfeidhm ná ag aistriú go córas SL, agus aird ar na cuspóirí éagsúla taobh thiar de na scéimeanna agus an gá atá le dídhreasachtaí airgeadais a sheachaint.

Nithe eile

Ní bheadh aon impleachtaí ag baint leis an mbealach cuir chuige seo maidir leis an gcás atá ann faoi láthair faoi Rialacháin an AE um leas sóisialach. Choinneodh SL a aicmiú reatha ar mhaithe le comhordú faoi na Rialacháin seo. Ach tá baol ann go bhféadfadh faighteoirí íocaíochtaí TIL ionannú a dhéanamh leis an SL laghdaithe amháin, in ainneoin go bhféadfaidís leanúint d'ionannú leis na snáitheanna ar leith dá n-íocaíocht iomlán. Dá gcuirfí íocaíocht bhreise atá de réir tástáil acmhainne leis an gcód leasa shóisialaigh, tá an baol ann go gcuirfí le castacht an chórais ina iomláine. Cáinte an córas reatha leasa shóisialaigh go minic as a bheith róchasta agus bíonn sé mar thoradh air go ndéanann daoine drochchinntí - dá gcuirfí íocaíocht eile de réir tástáil acmhainne leis an gcóras seo, ní dhéanfaí ach an cás

seo a chur in olcas, go háirithe i gcás na ndaoine a fhaigheann íocaíocht eile atá de réir tástáil acmhainne.

Fionnachtain 9-5: D'fhéadfadh iarmhairtí fabhracha dáilte a bheith ag baint le cánachas nó tástáil acmhainne SL, ach ní dhíreodh sé ach ar cheann amháin de na príomh-íocaíochtaí TIL


Rinne an t-athbhreithniú breithniú ar thionchar an chánachais ar SL (le húsáid SWITCH) agus fuarthas go bhféadfadh iarmhairtí dáilte fabhracha a bheith ag baint leis. Agus talamh slán á déanamh de go mbeadh na hacmhainní a thiomsófaí caite ar íocaíochtaí spriocdhírthe, d'fhéadfaí tuilleadh acmhainní SL a chaitheamh chun bochtaineacht i measc leanaí a laghdú, chomh maith le cúnaimh a sholáthar do gach teaghlach ina bhfuil leanaí cleithiúnacha. Ach tugann an t-athbhreithniú faoi deara chomh maith go ndearnadh breithniú cuimsitheach ar mholtaí chun cáin a ghearradh ar nó tástáil acmhainne/ioncain a dhéanamh ar SL i rith 2009, ach nár leanadh ar aghaidh leo, ós rud é go bhfuil fadhbanna lóistíochúla agus dlíthiúla suntasacha ag baint leis an dá rogha seo. Bíonn deacrachtaí coiteanna ag baint le cánachas SL, tástáil acmhainne nó tástáil ioncain SL maidir le hioncam, an t-aonad measúnaithe agus scála na hiarrachta riaracháin a bheadh de dhíth a shainmhíniú. Ina theannta sin, dá dtabharfaí isteach tástáil ioncain/acmhainne le haghaidh SL, ba ghá é a thabhairt isteach mar mheicníocht nua agus bheadh iarmhairtí suntasacha riaracháin ag baint lena leithéid. Gné eile níos tábhachtaí a bheadh i gceist ná nach ndíreodh cánachas ná tástáil acmhainne ar SL ach ar cheann amháin de na príomh-íocaíochtaí TIL agus ní bheadh aon tairbhe i gceist maidir le dearadh feabhsaithe an chórais fhoriomláin de thacaí ioncain do leanaí. Cé go n-aithnítear go bhféadfadh impleachtaí dearfacha a bheith ag baint le gearradh cánach ar SL do thorthaí a bhaineann leis an íocaíocht SL é féin, ní mholann an t-athbhreithniú cánachas SL mar mhodh feabhsaithe éifeachtacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais d'íocaíochtaí TIL.

9.3.4 Bealaí cuir chuige comhtháite i leith leasú

Tarraingíodh anuas ceist leasaithe an chórais de thacaí ioncain do leanaí (i gcodarsnacht le híocaíochtaí ar leith) cuid mhaith uaireanta. Aithníodh réimse leathan de mhodhanna leasaithe. Agus aird ar an tábhacht atá leis an gcaoi a bhfuil an tacaíocht iniompartha ar fud íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus obair, tá bealach tábhacht amháin ann chun breithniú a dhéanamh ar réimse na roghanna, is é sin, scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a dtugann sé tacaíocht taobh istigh agus taobh amuigh d'obair agus oiread an chomhordaithe atá de dhíth idir na córais chánach agus leasa shóisialaigh le haghaidh cur i bhfeidhm. Leagann Figiúr 9-1 amach réimse na n-íocaíochtaí. Nuair a thosaítear ón gcóras atá ann faoi láthair ar an taobh clé, feicimid go mbíonn tacaíocht faoin gcóras atá ann faoi láthair á soláthar go ginearálta trí

chomhcheangal SL (rud a thrasnaíonn an deighilt leasa shóisialaigh agus oibre), MLCanna agus LÉCSN (rud a íoctar de ghnáth nuair nach bhfuil an duine fostaithe) agus FIT (rud a íoctar go ginearálta nuair atá an duine fostaithe). Dá soláthrófaí creidmheasanna cánach le haghaidh leanaí sa chóras cánach ar an mbonn céanna le creidmheasanna pearsanta eile, bheidís suite sa réimse seo chomh maith.

Figiúr 9-1: Léiriú ar an réimse roghanna leasaithe agus an chaoi a bhfuil siad idirghaolmhar



Nuair a bhogtar go dtí taobh deas an scála, feicimid **Creidmheasanna Cánach Inaisíoctha** a bhíonn ag brath go mór ar an gcóras cánach in áit an chórais leasa shóisialaigh. Chuirfeoidís seo creidmheasanna cánach in-aisíoctha do leanaí (CCILanna) a d'íocfaí le teaghlaigh in éineacht le hioncam mar chreidmheasanna cánach agus iad "in-aisíoctha" mar íocaíochtaí airgid thirim do theaghlaigh nach bhfuil aon ioncam inchánach acu nó ioncam inchánach nach bhfuil imleor. Chuirfeodh leaganacha eile den bhealach cuir chuige seo Creidmheasanna Cánach le haghaidh Leanaí a íoctar le teaghlaigh ar bheagán ioncaim ina bhfuil leanaí sa RA. Ar an taobh clé de seo, aimsimid an **íocaíocht dara ciseal TIL** atá molta ag rúnaíocht an CNES, rud a sholáthródh forlíon de réir tástáil ioncaim do theaghlaigh ar bheagán ioncaim agus ar mheánioncam ina bhfuil leanaí, le dul in áit FIT agus MLCanna. Cé go bhfanfadh sé ina íocaíocht leasa shóisialaigh go bunúsach, bheadh méid réasúnta mór de chomhtháthú leis an gcóras cánach de dhíth ar an mbealach cuir chuige seo (féach tuarascáil

an CNES). Má bhogtar i dtreo thaobh clé an scála (i dtreo an chórais atá ann faoi láthair), tá bealach cuir chuige ann atá bunaithe ar **Íocaíocht Chomhtháite Tacaíochta Ioncaim do Leanaí** a sholáthar. Réasúnaíonn an bealach cuir chuige seo an córas atá ann faoi láthair d'íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do leanaí, ach tá a oibriú ag fanacht neamhspleách go príomha ar an gcóras cánach (agus níos gaire don chóras de thacaí ioncaim do leanaí atá ann faoi láthair ó thaobh coincheapa de dá bharr). Dhéanfaí breithniú ar íocaíocht a sholáthar ina bhfuil comhchodanna uilíoch agus roghnaitheacha le dul in áit SL, MLCanna agus FIT sa chomhthéacs seo. Déantar breithniú breise ar na trí bhealach cuir chuige seo sna codanna seo a leanas.

Creidmheasanna cánach in-aisíochta le haghaidh leanaí

Cur síos leathan

I ndlínsí áirithe, soláthraítear tacaíocht do theaghlaigh i bhfoirm creidmheas cánach in-aisíochta. Cé go bhféadfadh difríochtaí móra a bheith ann eatarthu seo ar fud na dtíortha éagsúla maidir leis an gcaoi a n-oibrítear iad, is é an smaoineamh bunúsach atá ann ná go bhfaigheann cáiníocóir creidmheas cánach maidir lena leanaí, rud a d'fhéadfaí a tharraingt siar de réir mar a ardaíonn ioncam an duine agus é seo faoi réir cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé dírithe ar cháiníocóirí ar bheagán ioncaim agus ar mheánioncam nó measta mar chreidmheas uilíoch do na cáiníocóirí go léir. Is é an smaoineamh bunúsach atá ann ná go bhfaigheann gach teaghlach creidmheas cánach maidir le gach leanbh, rud is féidir a fhritháireamh in aghaidh a ndliteanas cánach. Pointe níos tábhachtaí atá ann ná nach féidir an creidmheas cánach a chur amú, is é sin, go mbeadh sé forghéillte sa chás nach bhfuil aon ioncam teaghlaigh ann, ach d'fhéadfaí é a íoc go díreach leis na teaghlaigh sin nach bhfuil dliteanas cánach orthu, rud a chiallaíonn go mbeadh sé ar aon dul le haistriú beagán ioncaim in áit creidmheas cánach. Sholáthair a leithéid de chórais an bonn atá leis an gCreidmheas Cánach Ioncaim Thuillte i SAM, Sochar Cánach Teaghlaigh san Astráil agus Creidmheas Cánach Linbh sa RA. Sholáthair sé an bonn atá le moltaí leasaithe na dtacaí ioncaim do leanaí a rinne tráchtairí seachtracha (Ceartas Sóisialta na hÉireann)¹⁵² agus rinne grúpa oibre CRC ar chreidmheasanna cánach in-aisíochta breithniú ar cheisteanna maidir le creidmheasanna cánach (nach bhfuil foilsithe).

¹⁵² *Building a fairer tax system, the working poor and the cost of refundable tax credits*, Social Justice Ireland Policy Research Series (Baile Átha Cliath, 2010).

Cúnamh le costas tógála leanaí

Bheadh an oiread cúnaimh a sholáthródh an bealach cuir chuige seo leis an gcostas tógála leanaí faoi réir dheardh an chórais agus ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil eilimintí ar leith a bhaineann le tógáil leanaí curtha san áireamh i struchtúr an chórais. I dtíortha áirithe ina riartar córais creidmheasanna cánach, tugtar liúntais don chostas cúram leanaí. Mar shampla, déanann córas an RA soláthar don chostas cúram leanaí atá cláraithe nó ceadaithe taobh istigh den chóras Creidmheas Cánach Oibre (ar aon dul le FIT). Tugann Sochar Cánach Teaghlaigh na hAstráile cúnamh breise le haghaidh tógáil leanaí chomh maith.

Laghdú bochtaineachta leanaí

Tá sé d'acmhainneacht ag creidmheas cánach in-aisíoctha dul i bhfeidhm go dearfach ar bhochtaineacht i measc leanaí, ach tá sé seo faoi réir leibhéal an chreidmheasa agus oiread an spriocdhírith. Ar an taobh diúltach de, tá an baol ann go mbíonn infheictheacht na híocaíochta cailte taobh istigh de dhliteanas cánach an fhaighteora agus go bhfuil an seans ann nach n-úsáidfid an t-airgead a thuilleadh ar mhaithe le leas an linbh.

Seachaint dídhreasachtaithe airgeadais

Tá an bealach cuir chuige seo faoi réir comhtháthú níos mó idir an córas cánach agus leasa shóisialaigh agus tá sé d'acmhainneacht aige aird a dhíriú ar dhídhreasachtaí cánach atá ann cheana agus díriú orthu seo a éascú dá bharr.

Tionchar ar airgeadas poiblí

Tá sé d'acmhainneacht ag an mbealach cuir chuige seo glanchaiteachas ar thacaíocht ioncaim do leanaí a laghdú agus é faoi réir dheardh an chórais, trí íocaíochtaí níos spriocdhírith a dhéanamh. Ach tugann an bealach cuir chuige le fios go bhfaigheadh na daoine sin ar ardioncam creidmheas cánach níos lú agus go bhfaigheadh daoine ar ioncam íseal nó meánach creidmheas cánach níos mó.

Féidearthacht an chuir i bhfeidhm

Is leasú thar a bheith suntasach é seo agus bheadh athruithe suntasacha de dhíth ar na córais leasa shóisialaigh agus ioncaim araon. Cé go bhfuil sé féideartha, bheadh forbairt

shuntasach de dhíth ar an dá chóras. Braitheann sé ar shonraí ioncaim atá cothrom le dáta chomh maith, rudaí nach bhfuil ar fáil ós rud é nach bhfuil siad de dhíth ar an gcóras cánach faoi láthair. Go deimhin, níor chóir gannmheas a dhéanamh ar oibriú agus riar éifeachtach a leithéid de chóras. Tá an cás seo ann sa RA go háirithe, áit ar chruthaigh na deacrachtaí riaracháin fadhbanna suntasacha do theaghlaigh ar bheagán ioncaim.

Nithe eile

D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis an mbealach cuir chuige seo do rialacháin leasa shóisialaigh an AE agus iad faoi réir na n-eilimintí TIL atá ann faoi láthair a d'ionchorprófaí sa chreidmheas cánach - tá SL agus FIT aicmithe faoi láthair mar shochair teaghlaigh agus is féidir iad a easpórtáil mar gheall air sin, murab ionann agus MLCanna. Mar sin, baineann an cheist le hóc sochar maidir le leanaí ina gcónaí thar lear, ach bheadh líon réasúnta beag i gceist. Ceist amháin eile a bhaineann le creidmheas cánach ná infheictheacht na híocaíochta. De réir na socrúithe atá ann faoi láthair, is féidir le faighteoirí ionannú soiléir a dhéanamh lena n-íocaíochtaí a bhaineann le leanaí. I gcóras creidmheasanna cánach, níl sé seo chomh hinfheicthe - d'fhéadfadh sé seo dul i bhfeidhm ar roghanna na bhfaighteoirí in úsáid na híocaíochta ar mhaithe le leas leanaí.

Íocaíocht tacaíochta ioncaim dara ciseal do leanaí

Cur síos leathan

Bhí an bealach cuir chuige seo i leith leasú molta roinnt uaireanta san am atá caite agus i bpáipéar taighde le déanaí a rinne rúnaíocht an CNES.¹⁵³ Tháinig an páipéar chun cinn mar gheall ar ghealltanais de chuid an Rialtais sa chomhaontú comhpháirtíochta a bhí ann roimhe seo darbh ainm 'Dul Chun Cinn a Chothú' i leith athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíocht ioncaim do leanaí agus ar chumasc féideartha an fhorlíonta ioncam teaghlaigh (FIT) agus an mhéadaithe do leanbh cáilithe (líuntas cleithiúnach linbh roimhe seo, nó LCL) ina n-íocaíocht tacaíochta ioncaim "dara ciseal" do leanaí a d'íoslaghdódh dídhreasachtaí fostaíochta go háirithe.


D'aithin an páipéar laigí sna bearta tacaíochta ioncaim do leanaí atá ann faoi láthair. Is é an príomh-mholadh atá sa tuarascáil ná cealú na n-íocaíochtaí FIT agus BLC atá ann faoi láthair agus tabhairt isteach íocaíocht tacaíochta ioncaim do leanaí atá neodrach ó thaobh fostaíochta agus bunaithe ar acmhainn. Mhol an páipéar go ndéanfaí an t-iarratas tosaigh

¹⁵³ <http://www.nesc.ie/dynamic/docs/Child%20Income%20Report%20with%20cover.pdf>

¹⁵³ *Ireland's Child Income Supports: The Case for a New Form of Targeting*, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, Páipéar Sraith Taighde Uimh. 6 (Baile Átha Cliath, 2007).

tríd an bhfoirm iarratais SL agus go seolfadh an RCS an t-eolas bainteach ar aghaidh go dtí na Coimisinéirí Ioncaim, dream a bhronnfadh creidmheas cánach tacaíochta ioncaim do leanaí ar a n-uain. Sa chás nach mbeadh teaghlach in ann leas a bhaint as an gcreidmheas iomlán nó cuid de, chuirfeadh na Coimisinéirí Ioncaim ar ais go dtí an RCS iad, áit a ndéanfaí an íocaíocht go díreach tar éis measúnú mionsonraithe acmhainne. Tá an bealach cuir chuige atá molta ag an CNES léirithe i bhFigiúr 9-2.

Figiúr 9-2: Paraiméadair bhunúsacha na híocaíochta beartaithe dara ciseal



Cúnamh le costas tógála leanaí

Bheadh an chéad chiseal den íocaíocht statach i gcoibhneas le comhdhéanamh an teaghlaigh agus sholáthródh sé leibhéal ioncaim do gach teaghlach agus bheadh sé ina léargas soiléir agus trédhearcach ar an méid iníoctha mar sin. D'íocfadh an dara ciseal a bheadh bunaithe ar ioncam teaghlaigh as cuid den chostas tógála leanaí chomh maith, ach ní bhfaigheadh roinnt teaghlach íocaíocht bhreise má tá ioncam ard acu.

Laghdú bochtaineachta leanaí

Tá sé d'acmhainneacht ag an mbealach cuir chuige seo acmhainní a dhíriú ar na daoine is mó a bhfuil siad de dhíth orthu agus tá sé d'acmhainneacht aige tionchar dearfach a imirt ar laghdú bochtaineachta i measc leanaí dá bharr. Dhéanfaidh an dara ciseal soláthar le díriú ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim thar na teaghlaigh ar mheánioncam nó hardioncam go háirithe. Deir an CNES gurb é ceann de na príomhchuspóirí agus cuspóirí sárraitheacha atá ann chun dearadh an bhealaigh cuir chuige seo a stiúradh a bhfuil gá leis ná dul i ngleic le bochtaineacht ioncaim i measc leanaí in Éirinn.

Seachaint dídhreasachtaithe airgeadais

Cuimsíonn an bealach cuir chuige seo cónascadh na MLCanna agus an FIT atá ann faoi láthair in aon fhorlíonadh amháin atá de réir tástáil ioncaim. Is é an cuspóir a bheadh ann ná a chinntiú go n-íocfaí an íocaíocht dara ciseal le teaghlaigh ina bhfuil leanaí, i gcás go bhfuil ioncam an teaghlaigh faoi bhun tairsí agus go mbeadh sí aistarraingthe ar leibhéal ioncaim níos airde. D'fhéadfadh dídhreasacht a bheith mar thoradh ar an tarraingt siar agus d'fhéadfadh sé tarlú go n-athródh faighteoirí a n-iompar ar mhaithe le seachaint laghdú na híocaíochta. Ach d'fhéadfadh an cás seo a bheith ann maidir le híocaíochtaí atá ann cheana.

Tionchar ar airgeadas poiblí

Is deacair an tionchar ar airgeadas poiblí a mheas go cinnte, ós rud é go mbeadh cuid mhaith faoi réir na cumraíochta deiridh agus na gcinntí deiridh maidir leis an tairseach agus na socruithe barrchaolaithe. Is é an meastachán a rinne an CNES a bhí bunaithe ar choinneáil leibhéal reatha an SL ná glanchaiteachas breise €775 milliún. Nuair a chuirtear an chonclúid a bhí déanta roimhe seo gur chóir go dtarlódh leasú taobh istigh den chaiteachas atá á dhéanamh faoi láthair san áireamh, ba ghá a leithéid a mhaoiniú trí laghdú ar luach na híocaíochta SL, mar shampla.

Féidearthacht an chuir i bhfeidhm

Tá roinnt ceisteanna suntasacha ann a bhaineann leis an mbealach cuir chuige seo, lena n-áirítear deacrachtaí le bailiú sonraí ar ioncam teaghlaigh agus nuashonrú na sonraí seo agus socrú na tairsí ag an méid cuí chun an tionchar is fearr ar bhochtaineacht i measc leanaí a bhaint amach. Deir an CNES gurb é an dúshlán is deacra atá ann i riar íocaíochta dara ciseal ná aimsiú tomhais ar ioncam teaghlaigh ar ar féidir an íocaíocht a bhunú. Bheadh cealú MLCanna agus FIT ina dhúshlán chomh maith. Tá comhoibriú níos mó de dhíth chomh maith idir an RCS agus na Coimisinéirí Ioncaim ar an mbealach cuir chuige agus bheadh forbairtí suntasacha córais de dhíth ar an dá eagraíocht. Tá an chuma ar an dearadh atá molta ag an CNES agus oiread na hidirghníomhaíochta idir an dá údarás go bhfuil siad neamhéasca, go háirithe don fhaighteoir féideartha.

Nithe eile

D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis an mbealach cuir chuige seo do Rialacháin leasa shóisialaigh an AE - tá SL agus FIT aicmithe faoi láthair mar shochair teaghlaigh murab

ionann agus MLCanna. Baineann ceisteanna anseo le hÍoc sochar maidir le leanaí a bhfuil cónaí orthu thar lear – ní mheastar gur méadú suntasach é seo. D'fhéadfadh mearbhall a bheith mar thoradh ar na céimeanna atá beartaithe sa bhealach cuir chuige seo agus d'fhéadfaidís drogall a chur ar fhaighteoirí féideartha, chomh maith le tionchar a imirt ar an nglacadh sochar. Bheadh tionchar aige seo ar infheictheacht na hÍocaíochta chomh maith agus maidir le faighteoirí áirithe (.i. daoine a íoctar trí na Coimisinéirí Ioncaim), bheadh a dtacaíocht ioncaim do leanaí comhchuimsithe ina ndliteanas cánach.

Íocaíocht chomhtháite TIL ina bhfuil comhchodanna uilíocha agus roghnaitheacha

Cur síos leathan

Ionas gur féidir a bheith ag oibriú go héifeachtach, bheadh leibhéal i bhfad níos airde de chomhoibriú/chomhtháthú idir na córais cánachais phearsanta agus leasa shóisialaigh de dhíth ar an dá bhealach cuir chuige a bhí ann roimhe seo.¹⁵⁴ D'fhéadfadh forás i dtreo na n-íocaíochtaí seo tógáil go céimnitheach ar an gcineál leasuithe ar an gcóras atá ann faoi láthair a pléadh roimhe seo. Thosódh a leithéid de bhealach cuir chuige taobh istigh den chóras leasa shóisialaigh é féin, ar mhaithe le tréithe sásúla an struchtúir íocaíochta atá ann faoi láthair a chomhcheangal (comhtháthú), ach athrú a dhéanamh ar a leibhéal choibhéseacha, ionas go mbeadh an íocaíocht fhoriomlán níos roghnaithe agus a n-idirghníomhaíocht níos comhleanúnaí (athchothromú). D'fhéadfadh trí chomhchuid a bheith i gceist le hailtireacht fhoriomlán a leithéid d'íocaíocht chomhtháite:

(1) Íocaíocht Bhunúsach Tacaíochta Ioncaim do Leanaí: D'íocfaí méid seasta in aghaidh an linbh maidir leis na leanaí go léir. Ba ghá an ráta beacht a shocrú, ach is dócha go mbeadh sé níos ísle ná an leibhéal SL atá ann faoi láthair, ós rud é go mbeadh sé mar fheidhm aige tacaíocht ghinearálta a léiriú do theaghlaigh in áit ról sainráite laghdaithe bochtaineachta a bheith aige. Ach tá loighic láidir oibríochtúil lena leithéid d'íocaíocht bhunúsach chomh maith. Go bunúsach, sholáthródh sé scéim "ardáin" ar ar féidir íocaíochtaí a dhíriú ansin ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim.

(2) Forlíonadh Tacaíochta Ioncaim do Leanaí (Cineál A): I gcás go bhfuil duine den teaghlach ag fáil príomh-íocaíochtaí leasa shóisialaigh, bheadh an bhreis atá ann faoi láthair a bhaineann le leanaí (MLC) á athchur le forlín leis an íocaíocht bhunúsach TIL a íoctar ag an am, ach bheadh sé curtha in iúl don teaghlach trí ráitis rialta ar an rud atá faighte acu. Bheadh MLCanna á n-athchur le forlín (cineál A) go héifeachtach agus bheadh sé á íoc ar ráta níos airde ná mar atá faoi láthair, ar mhaithe le cúiteamh a dhéanamh ar son an

¹⁵⁴ *Ibid.*, lth. 76

laghdaithe ar SL. San am atá caite, bhítí ag súil leis go dtéadh dídhreasachtaí fostaíochta chun donais go mór mar gheall ar an mbealach cuir chuige seo, go háirithe do na daoine sin ar bheagán ioncaim agus a bhfuil teaghlaigh mhóra acu, ós rud é go mbeadh na daoine a bheadh ag éirí as íocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil laghdaithe le roinnt gnéithe atá pléite thíos, go háirithe le tabhairt isteach fhorlíon malartach Chineál B.

(3) Forlíonadh Tacaíochta Ioncaim do Leanaí (Cineál B): D'íocfaí an forlíonadh seo le teaghlaigh ar bheagán ioncaim ina bhfuil leanaí nach raibh ag fáil príomh-íocaíocht leasa shóisialaigh. Maidir leis na daoine sin a bheadh ag éirí as príomh-íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil, d'eiseofaí fógra le rá go dtiocfaidh deireadh le forlíonadh Chineál A tar éis tréimhse eatraimh, ach go bhfuil cuireadh á thabhairt don éilitheoir iarratas a chur isteach ar fhorlíonadh malartach (cineál B) má tá sé/sí ar bheagán ioncaim. Bheadh an forlíonadh ar an ráta céanna in aghaidh an linbh le forlíonadh TIL chineál A, suas go dtí tairseach ioncaim áirithe agus é á laghdú i gcás leibhéil ioncaim a bheadh níos airde. Bheadh FIT á athchuir leis an bhforlíon seo go héifeachtach, ach bheadh airíonna thar a bheith difriúil ag baint leis.

Tá forbheathnú ar an gcaoi a nascfadh na comhchodanna éagsúla le chéile ar taispeánt i dTábla 9-2. Bheadh bealach cuir chuige ar an gcaoi seo ag iarraidh na cuspóirí a chomhcheangal le haghaidh soláthar tacaíochta do gach teaghlach ina bhfuil leanaí agus tacaíocht spriocdhírthe do theaghlaigh atá ag brath ar leas sóisialach nó atá ar bheagán ioncaim, le híocaíocht amháin ina bhfuil trí chomhchuid. Ba ghá breithniú breise a dhéanamh ar na ceisteanna feidhmiúcháin ar ghá díriú orthu leis an mbealach cuir chuige seo agus ar cén chaoi a mbainfí iad seo amach de réir a chéile trí athrú incriminteach ar an gcóras atá ann faoi láthair, i gcomhthéacs staidéar féidearthachta a chuimseodh ceisteanna airgeadais, teicniúla agus oibríochtúla (féach Cuid 9.4).

Tábla 9-2: Forbhreathnú ar íocaíocht athchothromaithe agus chomhtháite TIL

<p><i>Athchuir SL le</i></p> <p>Íocaíocht Tacaíochta Ioncaim do Leanaí ar ráta comhréidh in aghaidh an linbh</p> <p>Á íoc le gach teaghlach ina bhfuil leanaí ar ráta seasta in aghaidh an linbh, ach ar ráta ar dóchúil go mbeadh sé níos ísle ná mar atá faoi láthair</p>	<p><i>Athchuir MLC le</i></p> <p>Forlíonadh Tacaíochta Ioncaim do Leanaí (Cineál A)</p> <p>Íocaíocht fhorlíontach in aghaidh an linbh le teaghlaigh ina bhfuil príomh-íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil a bheadh á híoc mar fhorlín leis an bpríomh-íocaíocht tacaíochta TIL. Choinneofaí an íocaíocht ar feadh 13 seachtaine tar éis do dhuine éirí as príomh-íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil (amhail an cás maidir le MLCanna go teoiriciúil).</p>
	<p><i>Athchuir an chomhchuid FIT a bhaineann le leanaí le</i></p> <p>Forlíonadh Tacaíochta Ioncaim do Leanaí (Cineál B)</p> <p>Íocaíocht fhorlíontach in aghaidh an linbh do theaghlaigh nach bhfaigheann aon phríomh-íocaíocht leasa shóisialaigh, ach go bhfuil an teaghlach measúnaithe a bheith ar bheagán ioncaim. D'athchuirfí Cineál A do theaghlach leis an íocaíocht tar éis 13 seachtaine, tar éis don iarratas a bheith próiseáilte. Tharraingeofaí an íocaíocht siar ar ráta céatadán áirithe os cionn na tairsí.</p>
<p>Tabhair faoi deara: D'fhéadfaí LÉCSN a ionchorprú in íocaíocht fhorlíonta, ach é a bheith íoctha mar íocaíocht bhreise ag amanna ríthábhachtacha le teaghlaigh ina bhfuil leanaí (m.sh. Meán Fómhair agus Nollaig)</p>	

Cúnamh le costas tógála leanaí

Sholáthródh an chomhchuid bhunúsach den íocaíocht leibhéal ioncaim do gach teaghlach agus bheadh sí ina léargas soiléir agus trédhearcach ar an méid iníoctha mar sin. Bheadh na forlíonta a bheadh bunaithe ar íocaíocht leasa shóisialaigh a bheith á fáil nó ar ioncam teaghlaigh, bheidís ag íoc as cuid den chostas tógála leanaí chomh maith, ach ní bhfaigheadh teaghlaigh áirithe íocaíocht ar ardleibhéal ioncaim.

Laghdú bochtaineachta leanaí

Tá sé d'acmhainneacht ag an mbealach cuir chuige seo acmhainní a dhíriú ar na daoine is mó a bhfuil siad de dhíth orthu agus tá sé d'acmhainneacht aige tionchar dearfach a imirt ar laghdú bochtaineachta i measc leanaí dá bharr. Dhéanfadh na forlíonta atá nasctha le híocaíochtaí leasa shóisialaigh nó beagán ioncaim soláthar do spriocdhíriú ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim thar na teaghlaigh meánioncaim nó ardioncaim go háirithe.

Seachaint dídhreasachtaithe airgeadais

D'fhéadfadh an rogha seo díriú ar chuid mhaith de na ceistanna a bhaineann le hathrú ó íocaíocht leasa shóisialaigh go FIT, ós rud é go mbeadh an leibhéal céanna íocaíochta á dhéanamh, beag beann ar cé acu an bhfuil duine ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh nó ar bheagán ioncaim. Déanta na fírinne, chuirfeadh a leithéid d'íocaíocht cosc leis an ngá atá le daoine a bhíonn ag athrú go rialta idir fostaíochta agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh (m.sh. oibríthe fánacha) cur isteach arís ar an leibhéal céanna íocaíochta. Ar ndóigh, de réir mar a tharraingeofaí siar an íocaíocht, bheadh dídhreasachtaí féideartha ann, go háirithe ós rud é gur dóchúil go mbeadh an ráta aistarraingthe íocaíochtaí ag idirghníomhú le cánachas ginearálta. Mar sin, tá ceanglas ann go mbeadh an íocaíocht iníoctha suas go dtí leibhéal ioncaim réasúnta agus nach bhfuil an ráta tarraingthe siar ró-ard, ar mhaithe le dídhreasachtaí airgeadais a sheachaint.

Tionchar ar airgeadas poiblí

Bheadh an tionchar foriomlán ar an airgeadas poiblí casta. Fad is go ndéanfaí ionchorprú na híocaíochta Sochar Linbh ar ráta bunúsach níos ísle ná mar atá ann faoi láthair (bogadh go dtí bun réimse 40/60%, b'fhéidir), bheadh acmhainneacht ann chun íocaíocht a mhaoiniú taobh istigh den leibhéal reatha caiteachais nó chun coigilteas foriomlán a chruthú, fiú. Ach ba ghá an tionchar beacht a mhúnlú ar bhonn níos beaichte agus mionscagadh a dhéanamh ar an éifeacht atá i gceist. Ba ghá ceistanna maidir leis an aois ar chóir na híocaíochtaí seo a dhéanamh chuige a réiteach, ós rud é go n-íoctar SL go dtí 18 mbliana d'aois (nuair atáthar ag gabháil d'oideachas lánaimseartha), ach íoctar MLCanna d'íocaíochtaí fadtéarmacha go dtí 22 bliain d'aois (féach Caibidil 5).

Tábla 9-3: Príomhfhachtóirí a shocraíonn tionchar féideartha ar airgeadas poiblí na hÍocaíochta comhtháite agus athchothromaithe TIL

	<i>Coigilteas</i>	Caiteachas poiblí
SL	Laghdú ar an íocaíocht uilíoch Comhdhlúthú na n-íocaíochtaí SL ar ráta níos airde in aon ráta amháin	—
MLCanna	Srian íocaíochta dóibhsean os cionn aois áirithe, má chinntear an aois a chaighdeánú ag 16/18 mbliana.	Rátaí níos airde chun sprioc 33% a choinneáil. Chuimsigh sé coinneáil íocaíochta ar feadh tréimhse, tar éis do dheireadh teacht le príomh-íocaíocht Síneadh na hÍocaíochta chuig na daoine sin atá eisiata ó MLCanna faoi láthair mar gheall ar ioncam níos airde
FIT	Díbirt na gcomhchodanna ráta phearsanta agus ráta daoine fásta Díbirt an chlaonta ar son na dteaghlach atá níos lú	Glacadh níos mó Cuimsiú daoine féinfhostaithe agus oibríthe eile ar bheagán ioncaim a bhfuil leanaí acu agus nach bhfaigheann íocaíochtaí FIT

Féidearthacht an chuir i bhfeidhm

Ba ghá anailís agus tástáil chríochnúil a dhéanamh ar dhearadh mionsonraithe agus ar chur i bhfeidhm praiticiúil na comhchoda tástála ioncaim. Ba ghá cinntí maidir le bonn an mheasúnaithe ioncaim, na sainmhínte ioncaim, cé chomh minic ar chóir é a nuashonrú, chomh maith le faighteoírí agus cailliúnaithe féideartha faoi na socruithe atá ann faoi láthair a aithint agus a dhearbhu. Ós rud é go mbeadh sé beartaithe go mbeadh forlíon Chineál B ag athchur chaillteanas forlíon Chineál A nó á athchur go páirteach ar fud réimse ioncaim, bheadh íocaíochtaí i bhfad níos lú i gceist (go háirithe do theaghlaigh bheaga) ná na hÍocaíochtaí TIL faoi láthair, rud a tharraingíonn ceist anuas maidir le cé acu an mbeadh nó nach mbeadh sé beartaithe leis an leasú cúiteamh a íoc as a leithéid de chaillteanas, fiú má tá na gnóthachain atá ann cheana spriocdhíríte go dona. Ach is maith an seans nach féidir cúiteamh a íoc le gach duine a bhféadfadh tionchar a bheith imeartha orthu in aon phríoséas leasaithe, ós rud é go bhféadfadh sé seo an bonn a bhaint ó rún an leasaithe.

Ba ghá breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí díriú ar an gcaillteanas dreasachta fostaíochta a d'eascródh ó chaillteanas an príomh-ráta phearsanta FIT agus an ráta duine fhásta chleithiúnaigh ar bhealach eile. Ba ghá cinneadh agus anailís a dhéanamh ar éifeacht chaillteanas na gcomhchodanna FIT nach mbaineann le leanaí, le teacht ar réiteach cuí. Is é

an rud is gá a bhreithniú ina leith seo ná cén chaoi is fearr is féidir an chomhchuid de FIT a bhaineann le fostaíocht a chomhlíonadh le haghaidh na ngrúpaí aois oibre go léir, amhail neamhaird ar na príomh-íocaíochtaí nó sochar oibre a bheadh nasctha leis an iarracht fostaíochta nó creidmheas cánach.

D'fhéadfaí athchur MLCanna i gcórais íocaíochtaí reatha le Forlón Sochar Linbh chineál A a dhéanamh mar chuid den straitéis TFC ina mbogtar an fheidhmiúlacht scéimeanna go léir go dtí córas nua Múnlaíthe Cuspóir Gnó (MCG) na Roinne. Ba ghá feidhmiúlacht scéime nua a dhearadh go háirithe le déileáil le cásanna beagán ioncaim; ba ghá díriú ar chaighdeán agus ar thráthúlacht an tsrutha sonraí ioncaim ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Nithe eile

D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis an mbealach cuir chuige seo do rialacháin leasa shóisialaigh an AE agus iad faoi réir na n-eilimintí TIL atá ann faoi láthair a d'ionchorprófaí san fhorlón - tá SL agus FIT aicmithe faoi láthair mar shochair teaghlaigh murab ionann agus MLCanna. Baineann ceisteanna anseo le híoc sochar maidir le leanaí a bhfuil cónaí orthu thar lear – ní mheastar gur méadú suntasach é seo.

Murab ionann agus an íocaíocht dara ciseal, sholáthrófaí TIL ón taobh istigh de chóras amháin, rud a chiallóidh go mbeadh níos lú mearbhaill ar fhaighteoirí féideartha agus bheadh tionchar níos lú ar ghlacadh sochar chomh maith. Bheadh pointe amháin teagmhála ag faighteoirí chomh maith maidir lena n-íocaíocht agus tá an córas níos trédhearcaí agus níos éasca le tuiscint, cé go bhfuil sé cosúil leis an mbealach cuir chuige dara ciseal ar go leor bealaí.

9.3.5 Leasú polasaí TIL – tionchair airgeadais agus eile

Tá deacrachtaí suntasacha ag baint le hiarracht a dhéanamh tionchair airgeadais, bhochtaineachta agus dreasachta na mbealaí cuir chuige éagsúla a pléadh sa chuid roimhe seo a shocrú. Tá na deacrachtaí seo ann go príomha mar gheall ar réimse na mbonn tuisceana ba ghá a dhéanamh i socrú na bparaiméadar le haghaidh na roghanna éagsúla leasaithe. Ar an láimh eile, tá roinnt anailís saineolaithe déanta ar an éifeacht cánachais ar SL agus ar thabhairt isteach íocaíocht dara ciseal do leanaí. Léiríonn an méid seo a leanas achoimre ar an anailís seo.

Gearradh cánach ar SL: Tá scrúdú déanta ag an ITES ar an éifeacht chánachais ar SL lena múnla micrea-ionsamhlúcháin darb ainm *SWITCH*. I bhfianaise mhúnla 2009, ríomh an ITES go bhféadfaí €370 milliún sa bhreis d'ioncam cánach a thabhairt isteach dá mbeadh SL san áireamh in ioncam inchánach. Mar a bheifí ag súil leis, bheadh sé mar thoradh ar an éifeacht chánachais ar SL go mbeadh laghdú níos mó ar an ioncam indiúscartha sna deicíilí is airde, i gcomparáid leis na deicíilí is ísle (0.4% i gcomparáid le 0.2%). Maidir leis an ráta 'baol bochtaineachta', fuarthas gurbh é an toradh ar cháin a ghearradh ar SL ná go raibh méadú 0.6 pointe céatadáin i gceist. Agus an tomhas bearna bhochtaineachta á úsáid, rud a fhiosraíonn géire na bochtaineachta, bhí sé mar thoradh ar cháin a ghearradh ar SL go raibh méadú 3% i gceist.¹⁵⁵

Íocaíocht Dara Ciseal do Leanbh: Sa tuarascáil a rinne siad ar an gcás ar son foirm nua d'íocaíocht spriocdhírthe TIL, sholáthair an CNES costáil léiritheach d'íocaíocht dara ciseal a bhainfeadh le hioncam. Sa chás a taispeánadh, is é an luach comhcheangailte a bhí ar SL agus ar an íocaíocht dara ciseal ná €69.22, méid a raibh leath de cionroinnte ar an ionstraim roghnaitheach. Úsáideadh an múnla *SWITCH* arís chun éifeacht an leasaithe seo a aimsiú. San ionsamhlú seo, úsáideadh an dáileadh deicíilí chun tairseach na híocaíochta a shocrú, ionas go bhfaigheadh na trí dheicíl ioncaim is ísle an íocaíocht ina hiomláine. Socraíodh ráta tarraingthe siar 20% do gach ceann de na deicíilí a bhí níos airde, rud a chiallaigh nach bhfuair na trí dheicíl ioncaim ab airde aon íocaíocht dara ciseal in aon chor. I bhfianaise na bparaiméadar seo, mheas múnla *SWITCH* gurbh é an glanchostas uasta a bheadh ar an rogha leasaithe ná €775 milliún, tar éis do €344 milliún a bheith asbhainte ó chaiteachas ar MLCanna agus FIT.¹⁵⁶

9.3.6 Leasú polasaí TIL – conclúidí leathana

Agus roinnt bealaí cuir chuige féideartha aitheanta agus pléite sa chuid roimhe seo i leith leasú, tá sé mar aidhm ag an gcuid seo an cheist measúnaithe a fhreagairt "*Céard iad na hathruithe i ndearadh agus oibriú na gclár ar leith a d'fheabhsódh éifeachtacht agus tionchar an pholasaí agus na gclár sa réimse seo?*" Aithníodh príomhriachtanais a leithéid d'fheabhsuithe i gcodanna roimhe seo agus baineann siad le bheith níos soiléire maidir le cuspóirí dáilte chothrománaigh a bhaint amach, fad is a chinntítear gur féidir tacaí spriocdhírthe a dhéanamh níos éifeachtaí i laghdú bochtaineachta i measc leanaí agus i spreagadh fostaíochta i measc tuismitheoirí. Mar a pléadh i gcodanna roimhe seo, tá roinnt bealaí cuir chuige ann i leith na gceisteanna leasaithe a bhí tarraingthe anuas ag an réimse

¹⁵⁵ T. Callan, C. Keane, J.R. Walsh, 'Tax reform; selected issues', i T. Callan et al., *Budget Perspectives 2010*, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Shóisialta (Baile Átha Cliath, 2009), lgh 11 – 13.

¹⁵⁶ *Ireland's Child Income Supports: The Case for a New Form of Targeting*, lgh. 66 - 68.

caiteachais mór seo atá casta agus tá difríochtaí móra ann idir tarraingteacht na roghanna éagsúla agus iad faoi réir chothromaíocht na gculpóirí agus an réimse ama atá á bhreithniú.

Fionnachtain 9-6: Athruithe ar an gcóras TIL atá ann faoi láthair

Go gearrthéarmach, is dóchúil nach bhfuil ach na hathruithe sin a dhíríonn ar na híocaíochtaí atá ann cheana féideartha. Bhí gluaiseacht ann i gCáinainéis 2010 i dtreo córais a bheadh measctha nó roghnaitheach go príomha, trí laghdú a dhéanamh ar SL agus trí chúiteamh a íoc le teaghligh ar bheagán ioncaim trí MLCanna agus FIT, ionas nach rachadh na rátaí bochtaineachta i measc leanaí chun donais. D'fhéadfadh leasuithe breise gnéithe a réasúnú sa struchtúr íocaíochta atá ann faoi láthair agus pléadh réimse rudaí féideartha i gCaibidil 5. Ach seans nach mbeidh na bearta cúitimh seo go hiomlán éifeachtach (nuair a chuirtear bearna sa chuimsiú agus glacadh FIT san áireamh, mar shampla) agus nuair a chuirtear treo an pholasaí le blianta beaga anuas san áireamh, tá an baol ann go méadófar na dídhreasachtaí fostaíochta, rud a chiallaíonn go mbeadh sé deacair laghdú a dhéanamh ar dhífhostaíocht amach anseo.

Fionnachtain 9-7: Réasúnaíocht láidir ar son leasú struchtúrtha a dhéanfaí go hincriminteach

Nuair a chuirtear an fhéidearthacht torthaí feabhsaithe agus na srianta ar athrú atá ann taobh istigh den chóras atá ann faoi láthair, tá sé réasúnta breithniú a dhéanamh ar leasú níos bunúsaí. Cé go mbeadh sé mar thoradh ar chánachas ar nó tástáil acmhainne/ioncaim ar SL go ndéanfaí athchothromú ar leibhéal iomlán na n-acmhainní poiblí a chaithfí ar theaghligh ina bhfuil leanaí, ní dhíreodh sé go sonrath ar cheisteanna a bhaineann leis an gcóras tacaí ioncaim do leanaí, go háirithe ceisteanna aistrithe ó MLCanna go dtí FIT. Bheadh costais mhóra bunaithe agus riaracháin leanúnaigh ag baint le cur i bhfeidhm na rogha seo, gan aon ráthaíocht a bheith ann go mbeadh an córas foriomlán de thacaí ioncaim do leanaí níos comhleanúnaí agus cuimsithí. Bheadh roinnt buntáistí ag baint le bealach cuir chuige a bheadh bunaithe ar leasú na dtacaí ioncaim go léir do leanaí mar chóras (bíodh sé tríd an gcreidmheas cánach in-aisíochta, íocaíocht dara ciseal nó an íocaíocht chomhtháite atá pléite thuas), i gcomparáid leis an struchtúr atá ann faoi láthair agus an rogha mhalartach atá ann de thástáil acmhainne nó gearradh cánach ar shochar linbh. Dhíreodh sé ar chuspóirí athdháilte cothrománacha agus ingearacha in aon ionstraim amháin, rud a chiallódh go mbeadh sé níos infheicthe agus níos éasca measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé ag baint chuspóirí an rialtais amach. Bheadh na heilimintí éagsúla níos trédhearcaí do theaghligh ina bhfuil leanaí agus d'fhéadfaí neamhréireanna a sheachaint ar bhonn níos fearr. Bheadh sé níos éasca an deighilt idir leas sóisialach agus obair a thrasnú fad is a íoslaghdaítear dídhreasachtaí oibre, cás a mbeadh pointe scoite ioncaim de dhíth air, ina dtarraingeofaí íocaíochtaí siar go céimnitheach nuair a shárófaí an pointe sin. Is é an príomhdhífeall a bheadh ann idir na roghanna leasaithe seo ná a

bhféidearthacht go meántéarmach. D'fhéadfadh sé a bheith d'acmhainneacht ag an gcreidmheas cánach in-aisíochta maidir le leanaí agus an íocaíocht dara ciseal tacaí a spriocdhíriú ar bhonn níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí. Ach déanann siad talamh slán de go bhfuil eolas ar ioncam reatha teaghlaigh ar fáil ar bhonn níos éasca ná mar atá i ndáiríre ón gcóras cánachais nó leasa shóisialaigh atá ann faoi láthair. Thógfadh an bealach cuir chuige íocaíochta comhtháite ar struchtúir íocaíochta atá ann faoi láthair, le bogadh diaidh ar ndiaidh i dtreo íocaíocht aonair a bhainfeadh le leanaí agus a mbeadh comhchodanna uilíocha agus spriocdhíríte inti.

Tábla 9-4: Comparáid ar fud na bpríomhroghanna leasaithe straitéisigh de réir torthaí dóchúla

	Cúnamh le costas tógála leanaí	Laghdú bochtaineachta leanaí	Dreasachtaí	Tionchar ar airgeadas poiblí	Féidearthacht an chuir i bhfeidhm	Nithe eile
Fanacht taobh istigh de na struchtúir TIL atá ann faoi láthair (a d'fhéadfadh a bheith leasaithe)	Laghdú ar an ráta SL agus laghdú ar chúnamh do theaghlach i gcoitinne dá bharr.	Acmhainneacht ann chun acmhainní a aistriú chuig ionstraimí spriocdhírthe le tionchar den chéad bhabhta ar ioncam.	Acmhainneacht go gcuirfí an dídhreasacht fostaíochta chun donais d'oirbithe ar bheagán ioncaim D'fhéadfaí é a fhritháireamh go páirteach le méaduithe ar FIT, ach ní sháródh sé na fadhbanna a bhaineann leis an íocaíocht FIT.	D'fhéadfaí glanchaiteachas a laghdú ar Thacaíocht Ioncaim do Leanaí, chomh maith le cuspóirí bochtaineachta a bhaint amach (má dhéantar talamh slán de nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach fostaíochta ann mar gheall ar dhídhreasachtaí ag dul in olcas).	Réasúnta díreach, ach é faoi réir nádúr na méaduithe ar íocaíochtaí roghnaitheacha agus leasú (más ann dó).	Ní bheadh aon impleachtaí nua ann do Rialacháin leasa shóisialaigh an AE agus choinneofaí an leibhéal infheictheachta atá ann faoi láthair.
Gearradh cánach ar SL	Sholáthródh sé seo íosmhéid íocaíochta go fóill do gach teaghlach ina bhfuil leanaí. Ach bheadh an méid ag athrú go héifeachtach, i gcomhréir le hioncam an aonaid inchánach.	Ní bheadh tionchar suntasach aige seo ar bhochtaineacht i measc leanaí leis féin. Is é an príomhcheist atá ann ná an oiread a chaithfí na hacmhainní ar ionstraimí roghnaitheacha.	Bheadh sé d'acmhainneacht aige éifeacht dídhreasachta a imirt ar shaothraithe ioncaim, ós rud é go gcuirfeadh sé le rátaí cánach imeallacha, go háirithe i gcás dara saothraithe.	Dearfach. Ní bheadh laghdú ar chaiteachas mar thoradh air go baileach, ach bheadh méadú ar ioncam cánach i gceist.	Tá roinnt ceisteanna i gceist. Baineann cuid mhaith acu seo le sainmhíniú agus comhiomlánú na cánach ioncaim, rud a shocródh an chóireáil chuí cánach. Príomhcheist eile a bheadh ann ná cén chaoi a mbaileofaí an cháin (ag an bhfoinse nó trí chódú isteach).	Ní bheadh aon impleachtaí nua ann do Rialacháin leasa shóisialaigh an AE agus choinneofaí an leibhéal infheictheachta atá ann faoi láthair.

SL de réir tástáil ioncaim	Bheadh sé seo faoi réir dhearadh na tástála ioncaim - ach sa chás go leanfadh tástáil ioncaim nach bhfuil aon scoitheadh iomlán ag baint leis de chúnamh a sholáthar.	Ní bheadh tionchar suntasach aige seo ar bhochtaineacht i measc leanaí leis féin. Is é an phríomhcheist atá ann ná an oiread a chaithfí an coigilteas ar ionstraimí roghnaitheacha.	Bheadh sé d'acmhainneacht aige éifeacht dídhreasachta a imirt ar shaothraithe ioncaim, ós rud é go gcuirfeadh sé le rátaí cánach imeallacha, go háirithe i gcás dara saothraithe. Ní dhíreodh sé ar cheisteanna atá ann faoi láthair maidir le cailteanas cáilithe MLCanna/FIT.	Athraitheach. Tá comhbhabhtáil mar ionchas. Bhainfeadh tairseach íseal ioncaim coigilteas suntasach amach, ach bheadh costais ollmhóra forbartha agus oibríthe riaracháin i gceist.	Tá fadhbanna móra i gceist nuair a chuirtear scála na n-íocaíochtaí SL, na deacrachtaí a bhaineann le bailiú sonraí ioncam teaghlaigh agus nuashonrú na sonraí sin san áireamh.	Ní bheadh aon impleachtaí nua ann do Rialacháin leasa shóisialaigh an AE agus choinneofaí an leibhéal infheictheachta atá ann faoi láthair.
Creidmheas cánach in-aisíochta	Bheadh sé faoi réir nádúr na n-athruithe. Go héifeachtach, sholáthrófaí tacaíocht chothrománach tríd an gcóras cánach, rud a d'fhéadfadh infheictheacht na híocaíochta a bhainfeadh le leanaí a laghdú.	Bheadh sé faoi réir leibhéal na híocaíochta agus oiread an spriocdhírithé.	Bheadh sé d'acmhainneacht aige leasú a dhíriú ar fheabhsú dreasachtaí toisc comhtháthú níos mó idir cáin agus sochair, ach bheadh an toradh deiridh faoi réir nádúr an leasaithe.	Bheadh sé faoi réir nádúr an leasaithe.	Leasú an-suntasach ar chórais ioncaim agus leasa shóisialaigh araon.	D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann do Rialacháin leasa shóisialaigh an AE. Tá tionchar aige chomh maith ar infheictheacht na híocaíochta, rud a bhféadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis do roghanna a dhéanann faighteoirí in úsáid na híocaíochta chun sochar leanaí.

<p>Íocaíocht tacaíochta ioncaim dara ciseal do leanaí</p>	<p>Sholáthródh “an chéad chiseal” léargas soiléir agus trédhearcach ar an méid cuí a bheadh i gceist.</p>	<p>Dhéanfadh an dara ciseal soláthar do spriocdhíriú ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim i gcomparáid le réimsí ioncaim níos ísle agus meánacha.</p>	<p>Dhéanfaí MLCanna agus FIT a chomhdhlúthú in aon fhorlón amháin de réir tástáil ioncaim. Ba ghá é seo a tharraingt siar os cionn réimse ioncaim áirithe agus d'fhéadfadh roinnt dídhreasachtaí a bheith mar thoradh air.</p>	<p>Bheadh sé seo faoi réir na cumraíochta deiridh. Ach rinne an CNES meastachán faoi chumraíocht amháin (i bhfianaise choinneáil an leibhéil SL a bhí ann cheana) go mbeadh glanchaiteachas breise €775 milliún i gceist.</p>	<p>Ba ghá FIT agus MLCanna a athchur le forlón de réir measúnú ioncaim. Baineann an chuid is mó ceisteanna leis an gcaoi le hioncam teaghlaigh a shocrú agus a nuashonrú.</p>	<p>D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann do Rialacháin leasa shóisialaigh an AE.</p> <p>Beartha neamhéasca i gceist.</p> <p>Tionchar díobhálach ar infheictheacht na híocaíochta.</p>
<p>Íocaíocht chomhtháite TIL á cur i bhfeidhm go hincriminteach</p>	<p>Sholáthródh comhchuid bhunúsach léargas soiléir agus trédhearcach ar an méid cuí a bheadh i gceist</p>	<p>Ligfeadh forlionsa a bheadh nasctha le híocaíocht leasa shóisialaigh nó le beagán ioncaim do spriocdhíriú acmhainní ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim tarlú.</p>	<p>D'fhéadfaí díriú ar chuid de na ceisteanna a bhaineann le hathrú ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh go dtí FIT. Ba ghá forlón ioncaim ísil a aistarraingt go fóill, rud a bheadh mar chúis le dídhreasachtaí áirithe dá bharr.</p>	<p>Bheadh sé seo faoi réir na cumraíochta deiridh. Bheadh gá le comhchuid bhunúsach athchothromaithe (SL níos ísle go héifeachtach) le hóc as leibhéal níos airde d'fhorlón Chineál A (MLC roimhe seo) agus síneadh fhorlón Chineál B (FIT athdhearadh) chuig grúpaí nach raibh cuimsithe roimhe seo faoi FIT.</p>	<p>Bheadh an phríomhcheist ag baint leis an gcaoi chun ioncam do ghrúpaí ar bheagán ioncaim nach bhfaigheann forlón Chineál A (MLC roimhe seo) a shocrú. Tá acmhainneacht ann úsáid níos mó a bhaint as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ná mar a rinneadh roimhe seo, ach ní bheifí ag brath ar nasc ioncaim uathoibríoch leis an íocaíocht, mar a dhéantar i gcás íocaíocht dara ciseal.</p>	<p>D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann do Rialacháin leasa shóisialaigh an AE.</p> <p>Próiseas nach bhfuil chomh neamhéasca leis an mbealach cuir chuige dara ciseal.</p> <p>Níos trédhearcaí agus níos éasca le tuiscint ag faighteoírí, rud a laghdaíonn aon tionchar diúltach ar ghlacadh na sochar.</p>


9.4 Comhthéacs níos leithne do leasú coimirce sóisialaí

Rinneadh cur síos i gcodanna roimhe seo ar bhealaí cuir chuige chun íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do leanaí a leasú. Tá cuid acu neamhspleách go príomha ach bheadh impleachtaí móra ag baint le cinn eile taobh amuigh d'íocaíochtaí TIL, go háirithe d'íocaíochtaí aois oibre. Go sonrach, bheadh an moladh atá ann go mbeadh íocaíocht chomhtháite TIL ann ag tabhairt le fios (i) go n-íocfaí MLCanna trí íocaíocht shainiúil do leanaí in áit trí íocaíochtaí do dhaoine fásta mar atá á dhéanamh faoi láthair, agus (ii) go mbeadh FIT á athdhíriú mar íocaíocht a bhaineann le leanaí atá le bheith íoctha trí íocaíocht shainiúil do leanaí in áit trí íocaíocht do dhuine fásta. Ba ghá leasú ar íocaíochtaí TIL a chomhordú go dlúth le leasú ar íocaíochtaí na haoise oibre mar sin.

Tá an RCS ag scrúdú na féidearthachta a bhaineann le híocaíocht aonair do gach duine in aois oibre. Bheadh a leithéid d'íocaíocht ag dul in áit réimse na n-íocaíochtaí cúnamh shóisialaigh atá ann faoi láthair i bprionsabal (amhail na híocaíochtaí do dhaoine dífhostaithe agus do thuismitheoirí aonair) agus é mar chuspóir cóireáil an ioncaim oibre ar ríomh sochar a réasúnú agus dreasachtaí do dhul chun cinn san fhostaíocht ag daoine in aois oibre a fheabhsú. Agus é ina íocaíocht atá mar dhroichead idir dreasacht fostaíochta agus cuspóirí bochtaineachta i measc leanaí, tá suntas ar leith ag baint le ról an FIT.

Taispeánann Figiúr 9-3 cumraíocht fhéideartha amháin den chaoi a bhféadfaí leasú a chomhordú. Taispeánann an chuid uachtair den fhigiúr na trí phríomhchomhchuid a bhaineann le leanaí (SL, MLCanna agus FIT) agus iad á n-athchumrú ina n-íocaíocht chomhtháite do leanaí, ina bhfuil comhchodanna uilíocha agus roghnaitheacha. I gcomhréir le loighic an leasaithe a míníodh roimhe seo, bheadh comhchuid forlíon TIL Chineál B (atá ag dul in áit FIT) bunaithe ar bheagán ioncaim amháin, gan coinníoll fostaíochta a bheith ag baint leis. Dá dtarlódh sé seo ina aonar, chaillfí an ról atá ag FIT i soláthar dreasachtaí le glacadh le fostaíocht. I gcomhthéacs leasú níos leithne ar íocaíochtaí aois oibre, d'fhéadfaí an chomhchuid seo de FIT (an eilimint do dhuine fásta go bunúsach) a athchumrú i gcomhthéacs íocaíochta amháin mar thástáil acmhainne athbhreithnithe agus/nó forlíon dóibh siúd a ghlacann le fostaíocht.

Figiúr 9-3: Forbheathnú ar an idirghníomhaíocht idir leasú na dtacaí ioncain do leanaí agus do lucht na haoise oibre



Bheadh impleachtaí éagsúla ag baint leis an bpróiseas leasaithe dá chomhchodanna éagsúla agus tá achoimre orthu seo thíos.

Impleachtaí do Shochar Linbh

- Bunú SL mar íocaíocht ardáin le haghaidh TIL nua bunúsach
- Coinneáil luach na híocaíochta thart ar 50% de ráta sprice Cuimsitheacht PGN
- Réasúnú luach na híocaíochta d'ord breithe níos airde agus ilbhreitheann ar an gcaoi atá molta sa tuarascáil

Impleachtaí do MLCanna

- Coinneáil luach an SL móide MLCanna ag céatadán den ráta sprice Cuimsitheacht PGN
- Aois uasta na MLCanna a chur i gcomhréir le SL (18 mbliana). Coigilteas á athúsáid trí thacaí oideachais
- Íoc MLCanna mar fhorlón TIL le híocaíocht mhíosúil SL seachas mar bhreis sheachtainiúil in éineacht le híocaíochtaí do dhaoine fásta
- Cinn bealach cuir chuige maidir le MLCanna leathráta (ioncam céile á chur san áireamh) ar an mbonn nár cheart ach forlón amháin a íoc. Is gá measúnú a dhéanamh maidir le cé acu an íocfar forlón mar Chineál A nó B sa chás sin le haghaidh an chinnidh

Impleachtaí do FIT

- Staidéar féidearthachta teicniúil, oibríochtúil agus airgeadais ar athdhearadh FIT le comhchuid linbh (bainteach le hioncam) agus coinníoll oibre agus (coinníoll oibre agus bainteach le hioncam)
- Cinneadh maidir le cé acu ar chóir é a íoc trí scéim aonair nó trí dhá scéim

Impleachtaí do LÉCSN

- Cealú na scéime ar mhaithe le ráta íocaíochta níos airde den fhorlón Linbh in Iúil/Lúnasa

Impleachtaí d'íocaíochtaí aois oibre

- Athchumrú na n-íocaíochtaí cúnaimh shóisialaigh atá ann cheana ina n-íocaíocht aonair do dhaoine in aois oibre
- Bunú paraiméadair íocaíochta aonair – lena n-áirítear coinníollacha, rátaí íocaíochta, neamhaird agus socruithe barrchaolaithe
- Cinneadh maidir le cé acu an mbeidh nó nach mbeidh an íocaíocht ina híocaíocht bhunúsach ina mbeidh comhchodanna breise le glacadh le hobair nó le fanacht ag obair

9.5 Táscairí feidhmíochta

Tá sé mar aidhm ag an gcuid seo na táscairí feidhmíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fheidhmíocht polasaí TIL agus na gclár gaolmhar a aithint. Soláthraíonn Cuid 9.5.1 forbheathnú ar na táscairí feidhmíochta i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus déanann sé iarracht na táscairí feidhmíochta a aithníodh agus a úsáideadh sna caibidlí roimhe seo san athbhreithniú seo a aithint. Déantar breithniú i gCuid 9.5.2 ar na gnéithe praiticiúla ina bhféadfaí an mhonatóireacht ar fheidhmíocht leanúnach polasaí agus clár a fheabhsú.

9.5.1 Táscairí feidhmíochta i gcomhthéacs athbhreithniú LAA

De réir an lámhleabhair LAA, is pointí sonraí iad táscairí feidhmíochta a úsáidtear chun ionchur, gníomhaíochtaí, aschur nó torthaí a thomhas. Tá ceithre chineál de tháscairí feidhmíochta aitheanta i modheolaíocht athbhreithnithe LAA, mar atá, táscairí ionchuir, aschuir, toraidh agus tionchair:


- Is ionann na hacmhainní a úsáideann clár agus an t-**ionchur**, rud a d'fhéadfadh fíorchostas an chláir, líon na foirne agus am foirne a chuimsiú.
- Is ionann an t-**aschur** clár agus na hearraí agus seirbhísí a sholáthraítear go hiarbhír, mar shampla, líon na n-íocaíochtaí a dhéantar.
- Baineann táscairí **toraidh** le héifeacht ghearrthéarmach a bhíonn ann mar gheall ar thionscadal/clár agus
- Is ionann táscairí **tionchair** agus an éifeacht, idir mheántéarmach agus fhadtéarmach, a bhíonn ag an gclár, amhail an éifeacht ar tháscairí eacnamaíocha nó sóisialta.

Táscairí feidhmíochta a úsáideadh san athbhreithniú TIL

Aithníodh agus úsáideadh réimse táscairí feidhmíochta i rith chúrsa an athbhreithnithe ar an gclár TIL. Déanann Figiúr 9-4 achoimre ar na táscairí feidhmíochta seo agus déanann sé imdhealú orthu de réir na tíopeolaíochta atá leagtha amach sa lámhleabhar LAA. D'fhéadfadh catagóirí na dtáscairí feidhmíochta de réir na tíopeolaíochta seo a bheith réasúnta treallach, ós rud é go bhféadfadh teorainneacha soiléire idir na catagóirí éagsúla de tháscairí feidhmíochta a bheith in easnamh, .i. ionchur go haschur, aschur go torthaí srl. Seo an cás atá ann go háirithe mura bhfuil loighic cláir clár caiteachais sainmhínithe chomh soiléir sin is a bhíonn sí i gcláir chaipitil, mar atá i gcás tacaí ioncaim do leanaí. Mar sin, tá deacrachtaí bunúsacha ag baint le táscairí feidhmíochta a struchtúrú a bhaineann le híocaíochtaí aistrithe, amhail íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do leanaí. In ainneoin na

ndeacrachtaí seo, leagtar amach na táscairí feidhmíochta i bhFigiúr 9-4 de réir loigic an chláir, mar atá leagtha amach sa chlár seo.

Figiúr 9-4: Achoimre ar na táscairí clár a aithníodh san athbhreithniú TIL



9.5.2 Cén chaoi ar féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht leanúnach polasaí agus clár ar bhonn níos fearr?

Taispeánann an forbheathnú ar tháscairí feidhmíochta i bhFigiúr 9-4 go bhfuil réimse leathan sonraí ann atá ar fáil faoi láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Níor ghá na táscairí seo go léir a úsáid chun monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmíocht polasaí agus clár. Ina n-áit sin, bealach cuir chuige amháin a bhféadfaí breithniú a dhéanamh air ná ceann a chuimseodh cinntiú teacht le chéile le Ráiteas Straitéise na Roinne Coimirce Sóisialaí agus an próiseas monatóireachta a bhíonn in éineacht leis sin, lena n-áirítear ullmhú Ráitis Bhliantúla Aschuir. Tá na táscairí feidhmíochta a bhaineann le leanaí a ndearnadh

breithniú orthu i gcomhthéacs ullmhú an Ráitis Straitéise is déanaí leagtha amach i dTábla 9-5. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil táscairí tionchair in easnamh ar an liosta seo, ós rud é gur chóir tagarmharcanna cuí ina leith seo a chumadh i gcomhthéacs níos leithne na dtáscairí leas leanaí.

Tábla 9-5: Táscairí a bhaineann le leanaí

<i>Cineál</i>	<i>Fearann</i>	<i>Táscaire</i>	<i>Foinse/Tréimhsiúlacht</i>
Toradh	Cúnamh a sholáthar do gach teaghlach leis an gcostas tógála leanaí	Luach an ráta íocaíochta de Shochar Linbh (atá níos ísle) mar chomhréir den 'chostas linbh' measta	Tá meastacháin ar fáil agus iad bunaithe ar chostas linbh na gCaighdeán Buiséid (tógáil ciseáin inghlactha d'earraí a bhaineann le leanaí).
	Cúnamh breise spriocdhírthe a sholáthar do theaghlaigh ar bheagán ioncaim chun bochtaineacht i measc leanaí a laghdú	Rátaí líon na leanaí bochta Rátaí bochtaineachta comhsheasmhaí i measc leanaí Géire na bochtaineachta Rátaí bochtaineachta i measc daoine fásta in aghaidh leanaí	SIDM - Bliantiúil
	Fostaíocht mhéadaithe do theaghlaigh ina bhfuil leanaí	Rátaí fostaíochta na dteaghlach ina bhfuil leanaí i gcomparáid le teaghlaigh gan leanaí Beirt fhásta, beirt leanaí Beirt fhásta, ceathrar leanaí nó níos mó Tuismitheoirí aonair	SRNT - Ráithiúil
		Leanaí ina gcónaí i dteaghlaigh gan phoist	SRNT - Ráithiúil
	Bearta rialaithe	Rátaí calaoise agus earráide Leibhéil ró-íocaíochta Coigilteas in aghaidh leibhéil sprice	
Aschur	Luach na n-íocaíochtaí	Luach na híocaíochta SL (níos ísle agus níos airde) Luach SL (níos ísle) móide MLC mar 33% -35% den ráta do dhuine fásta (sprioc Cuimsitheacht PGN) Luach an ráta SL atá níos ísle, % SL móide MLC	

		Tionchar an aistrihe buiséid TIL a rinneadh le déanaí ar (i) chás gan chaiteachas, agus (ii) cás na bliana roimhe sin	Anailís SWITCH - Bliantúil
	Cuimsiú íocaíochtaí	Líon na dteaghlach agus na leanaí a bhaineann leas as íocaíochtaí TIL	
		Líon na leanaí a bhaineann leas as íocaíochtaí TIL mar % den daonra	MLCanna agus SL mar % den daonra ó 0-18 mbliana d'aois daonra
		Líon na leanaí a bhaineann leas as íocaíocht <ul style="list-style-type: none"> • SL amháin • SL móide MLC amháin • SL móide MLC móide FIT • LÉCSN 	
	Tionchar ar chuspóirí fostaíochta	Líon na gcásanna idirghabhála do theaghlaigh a fhaigheann MLCanna	<i>Le bheith forbartha</i>
		Fad ag fáil na n-éileamh reatha in éineacht le MLCanna	<i>Le bheith forbartha</i>
		Fad iomlán ag fáil sochar lena n-áirítear MLCanna	
		Rátaí athsholáthair do theaghlaigh ina bhfuil leanaí	
		Buillí céatadán ar TF (COE) ag cohóirt le MLCanna	<i>Le bheith forbartha</i>
Ionchur	Éifeachtúlacht an tseachadta	Ceadanna in aghaidh leibhéil sprice Ar feitheamh anailís éileamh Céatadán bronnta taobh istigh den ambhonn fráma	Staidreamh roinne - Míosúil
	Beartha rialaithe	Athbhreithniú in aghaidh leibhéil sprice	
	Soláthar foirne	Céatadán na hinfhaighteachta foirne in aghaidh na míosa	
	Leithdháileadh buiséid	Caiteachas in aghaidh próifíle in aghaidh na míosa	

Cuireann próiseas an athbhreithnithe scóip ar fáil do mholadh na dtáscairí feidhmíochta féideartha amach anseo, le díriú ar bhearnaí sonraí atá ann, rudaí a d'fhéadfadh bac a chur leis an monatóireacht feidhmíochta. Réimse amháin ina n-aithníonn an t-athbhreithniú seo go bhfuil táscairí in easnamh ná costas linbh. Déanann Fionnachtain 4-1 den athbhreithniú seo soláthar do thaighde a dhéanfaí ar an gceist seo agus d'fhéadfaí táscairí féideartha le haghaidh na todhchaí a fhorbairt ina leith seo mar thoradh ar an taighde sin.

9.6 Forbhreathnú ar mholtaí

Soláthraíonn an chuid seo forbhreathnú ar an moladh atá ann san fhionnachtain ar fud an athbhreithnithe. Is féidir teacht ar bhreac-chuntas ar na príomh-mholtaí san Achoimre Feidhmiúcháin agus déantar formhíniú orthu anseo.

Molann an t-athbhreithniú gur chóir na cuspóirí tacaíochta ioncaim do leanaí a thuiscint taobh istigh de chomhthéacs níos leithne d'fheabhsú leas leanaí, trí ligean do theaghlaigh torthaí níos fearr a bhaint amach dá leanaí cleithiúnacha. Tá roinnt meicníochtaí ann cheana chun é seo a éascú, go háirithe cur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta do leanaí agus aird níos mó ar tháscairí leas leanaí, ach ba chóir breithniú níos mó a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann torthaí tacaíochta ioncaim do leanaí le leas leanaí. (Fionnachtain 2-12)

Ionas gur féidir tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairt pholasaí amach anseo, molann an t-athbhreithniú gur chóir don Roinn Coimirce Sóisialaí féachaint le cinntiú go ndéantar na meastacháin maidir leis an gcostas linbh a nuashonrú leis an modh díreach caighdeáin bhuiséid (le buiséad comhaontaithe íosta, chomh maith le caighdeáin níos airde) agus na modhanna atá níos indírí, amhail anailís ar an suirbhé buiséad teaghlaigh. Ba chóir go ndéanfaidís seo soláthar do thuiscint níos fearr ar na naisc idir scálaí coibhéise (a úsáidtear i dtomhas ioncam teaghlaigh agus bochtaineachta) agus meastacháin dhíreacha ar an gcostas linbh agus go soláthródís tuiscint níos fearr ar an oiread a sholáthraíonn Sochar Linbh cúnaimh le tógáil leanaí dá bharr. (Fionnachtain 4-1)

Bheadh buntáistí suntasacha ag baint le soiléire níos mó maidir leis an gcuspóir soláthair cúnaimh le costas tógála leanaí agus maidir leis an gcothromaíocht chúil idir an eilimint uilíoch agus roghnaitheach sa phacáiste foriomlán tacaíochta ioncaim do leanaí. Ach mar aitheantas ar an gcaoi go bhféadfadh sé a bheith deacair sprioc a shocrú, ós rud é go bhfuil easpa toilithe ann faoin méid a mheasfaí a bheith mar mhéid réasúnta cúnaimh, measann an t-athbhreithniú go bhfuil an méid cuí tacaíochta á léiriú ar an gcaoi is fearr i gcóras

measctha, ina mbeadh ionstraimí uilíocha agus roghnaitheacha cothrom lena chéile nach mór de réir a chéile (i réimse thart ar 40% -60%). (Fionnachtain 4-5)

Ionas gur féidir an chomhbhabhtáil idir cuspóirí bochtaineachta agus dreasachta a uasmhéadú, fad is a choinnítear costais fhoriomlána na gclár TIL taobh istigh de teorainneacha réasúnta, ba chóir bealach cuir chuige measctha a choinneáil amach anseo agus aird ar struchtúr na n-íocaíochtaí faoi láthair (SL, MLCanna agus FIT) agus an neamhleanúnachas gaolmhar idir ionstraimí roghnaitheacha. Ligeann bealach cuir chuige measctha don chothromaíocht idir uilíoch agus roghnaitheach athrú chomh maith, agus í faoi réir dálaí fioscacha san am sin, chomh maith leis an meascán inmhianaithe idir athdháileadh cothrománach agus ingearach. (Fionnachtain 4-8)

Ní mholann an t-athbhreithniú athruithe ar na teorainneacha aoise uasta uathoibríocha (16 bliana) agus coinníollacha (18 mbliana) maidir le Sochar Linbh i láthair na huaire. (Fionnachtain 5-1)

Ba chóir an íocaíocht SL atá níos airde a laghdú de réir mar a laghdaíonn an difreálach idir rátaí bochtaineacht na méideanna teaghlaigh éagsúla agus de réir mar a éiríonn an pacáiste iomlán caiteachais ar Thacaíocht Ioncaim do Leanaí níos cothromaithe idir comhchodanna roghnaitheacha agus uilíocha. Dá bhféadfaí na heilimintí roghnaitheacha de thacaíocht ioncaim do leanaí a leasú chun dídhreasachtaí fostaíochta a laghdú nó dreasachtaí fostaíochta a fheabhsú, ba chóir an phríomh-íocaíocht SL a chur ar ceal ar an mbonn nach mbeadh ról aige a thuilleadh i laghdú bochtaineachta. (Fionnachtain 5-2)

Molann an t-athbhreithniú gur chóir taighde eimpíreach a dhéanamh chun na fiordhifríochtaí costas idir a dteaghlaigh agus teaghlaigh eile atá ar chóimhéid a dhearbhu go hoibiachtúil. Chomh maith leis sin, molann an t-athbhreithniú gur chóir go mbeadh a leithéid de thaighde mar thaca ag cinntí faoi mhéid iomlán na tacaíochta d'ilbhreitheann. Idir an dá linn, molann an t-athbhreithniú chomh maith gur chóir go léireodh an chothromaíocht tacaíochta a sholáthraítear, idir aonuaire agus atréimhseach, go léireodh sí nádúr na gcostas ar thuismitheoirí. (Fionnachtain 5-3)

Ní mholann an t-athbhreithniú go dtabharfaí isteach íocaíochtaí SL a bhaineann le haois i láthair na huaire. Ina n-áit sin, molann sé gur chóir nuashonrú a dhéanamh ar thuarisc costas linbh, chun measúnú a dhéanamh ar oiread an difreálaigh idir aoisghrúpaí leathana (naíonra, bunscolaíocht dhéanach, tús bhlianta an déagóra, deireadh bhlianta an déagóra), chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí na rátaí íocaíochta éagsúla ar na fíorchostais. Molann an t-athbhreithniú gur chóir don Roinn Coimirce Sóisialaí breithniú a dhéanamh ó

dhearcadh teicniúil ar cé acu an féidir nó nach féidir íocaíochtaí éagsúla a bhaineann le haois a dhéanamh maidir le gach íocaíocht tacaíochta ioncaim do leanaí san idirlinn. Mar fhocal scoir, molann an t-athbhreithniú go ndéanfaí breithniú ar an gcéad dul síos ar dhíriú ar nádúr na gcostas maidir le híocaíocht chomhchosúil (is é sin, costais aonuaire a bhaineann le híocaíocht aonuaire; costais atréimhseacha maidir le híocaíochtaí atréimhseacha) dá dtabharfaí isteach forlíoanta a bhaineann le haois. (Fionnachtain 5-4)

Sa timpeallacht atá ann faoi láthair, níltear ag moladh go n-athrófaí na socruithe atá ann faoi láthair [maidir le rátaí íocaíochta níos airde ag amanna den bhliain nuair a bhíonn costais a bhaineann le leanaí níos airde]. Ach i gcás cinnidh maidir le hathrú go foirm íocaíochta chomhtháite de thacaíocht ioncaim do leanaí, molann an t-athbhreithniú gur chóir breithniú domhain a dhéanamh ar rátaí íocaíochta níos airde ag amanna áirithe den bhliain, faoi réir srianta buiséid. D'éascódh a leithéid d'athrú ionsú LÉCSN in íocaíocht chomhtháite. (Fionnachtain 5-5)

Measann an t-athbhreithniú go bhfuil ciall le cuíchóiriú an choinníll aoise uasta agus go bhféadfaí gach íocaíocht tacaíochta ioncaim do leanaí a ailíniú faoi dheireadh leis na coinníollacha aoise maidir le Sochar Linbh. Dá gcuirfí chuige ar an mbealach seo, d'fhéadfaí na hacmhainní a bheadh coigilte a chaitheamh ar thacaí oideachais cuí. (Fionnachtain 5-6)

Cé go bhfuil siad casta, tá na rialacha atá ann faoi láthair maidir le méaduithe do dhaoine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe mar thoradh ar fheabhsuithe éagsúla a tugadh isteach le blianta beaga anuas. Go háirithe, dearadh an leasú a tugadh isteach i 2007 inar cuireadh coincheap na tástála ioncaim le haghaidh teidlíocht MDFC maidir le híocaíochtaí áirithe de réir tástáil acmhainne ar ceal go speisialta chun dídhreasachtaí oibre agus gaistí bochtaineachta a bhaint. Rinneadh iarrachtaí chomh maith na rátaí íocaíochta a chuíchóiriú ar fud scéimeanna. Ní mholann an t-athbhreithniú aon athruithe ar an struchtúr seo. Ach ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an seasamh seo i gcomhthéacs íocaíocht TIL atá comhtháite nó córas dara ciseal. (Fionnachtain 5-7)

Moltar san athbhreithniú go ndéanfaí breithniú ar fheabhsú éifeachtacht an bhirt seo [íocaíocht leanúnach MLCanna ar feadh 13 seachtaine], nuair a chuirtear tábhacht na fostaíochta mar bhealach éalaithe ó bhochtaineacht san áireamh agus sa chás go bhfanfadh an struchtúr de thacaíocht ioncaim do leanaí atá ann faoi láthair gan athrú. (Fionnachtain 5-8)

Tá ról déach ag FIT i ndíriú ar dhreasachtaí oibre do dhaoine fásta agus cuspóirí bochtaineachta i measc leanaí araon. Meastar go mbeadh gá le leasú níos bunúsaí ar FIT le

díriú ar an dá cheist seo. Go dtí go ndéanfar an scrúdú seo, molann an t-athbhreithniú gur chóir an coinníoll fostaíochta a choinneáil agus gur chóir líon na n-uaireanta a choinneáil faoi athbhreithniú le cinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le hoibriú na scéime LLCF agus go laghdaíonn sé an baol go bhféachfaí ar 19 n-uaire mar uasmhéid agus mar choinníoll fosta ar aon. (Fionnachtain 5-9)

Is léiriú í an íocaíocht chomhthráthach FIT le faighteoirí príomh-íocaíochta áirithe, rud nach n-íoctar le faighteoirí eile, is léiriú í ar an mbonn tuisceana coinníollachta atá mar bhonn leis an bpríomh-íocaíocht do dhaoine fásta, in áit an chuspóra laghdaithe bochtaineachta i measc leanaí. Lagaíonn an chóireáil dhifreálach seo an oiread a dhíríonn FIT go soiléir agus go comhsheasmhach ar bhochtaineacht oibre agus ioncam íseal teaghlach ina bhfuil leanaí. Cé go mbeadh sé mar thoradh ar chealú íocaíochtaí comhthráthacha (mar atá molta i dtuarascáil McCarthy) go mbeadh bealach cuir chuige níos comhsheasmhaí agus níos comhleanúnaí i gceist, tá ról tábhachtach ag FIT i ndreasacht a thabhairt do dhaoine fásta le glacadh le hobair agus d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar dhreasachtaí oibre trí chabhrú le costais cúram leanaí a íoc. D'fhéadfadh baint na n-íocaíochtaí comhthráthacha cumas an chórais leasa shóisialaigh bochtaineacht i measc leanaí a laghdú a lagú go fadtéarmach mar sin. Ba chóir do chinntí ar bith a dhéantar chun na gnéithe seo a réasúnú éifeacht ioncam agus dreasachta do theaghlaigh ar bheagán ioncaim ina bhfuil leanaí a chur san áireamh, go háirithe tuismitheoirí aonair agus b'fhearr iad a dhéanamh mar chuid de bhealach cuir chuige comhtháite a chuimseodh íocaíochtaí do dhaoine fásta. (Fionnachtain 5-10)

Ó tugadh isteach é, tá aireachtáil de ghlacadh lag tar éis bac a chur le héifeachtacht FIT mar ionstraim soláthair tacaíochta do theaghlaigh ar bheagán ioncaim ina bhfuil leanaí. Bhíodh sé de nós ag anailís roimhe seo an tuairim seo a dheimhniú, ach le blianta beaga anuas, níl sé soiléir cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fás ar an ualach éilimh FIT ag léiriú glacadh níos mó nó linn fostaíochta níos mó. Tugann obair a choimisiúnaigh an RCS le déanaí le fios go bhfuil seans ann go bhfuil feabhsú tagtha ar an bhfadhb glactha, rud a bheadh tarlaithe go páirteach mar gheall ar thionscáim chun eolas a fheabhsú agus chun an íocaíocht a dhéanamh níos tarraingtí. Molann an t-athbhreithniú go ndéanfaí scrúdú eile ar na ceisteanna a bhaineann le glacadh nuair a bheidh toradh na hanailíse nua seo ar fáil. (Fionnachtain 5-11)

Ba chóir athbhreithniú rialta a dhéanamh ar theorainneacha ioncaim FIT agus treochtaí tuillimh, rátaí leasa shóisialaigh agus línte bochtaineachta á gcur san áireamh. (Fionnachtain 5-12)

Moltar san athbhreithniú gur chóir breithniú a dhéanamh ar laghdú an ráta tarraingthe siar FIT mar chuspóir fadtéarmach, ar mhaithe le gairtí bochtaineachta a laghdú sa chóras atá

ann faoi láthair agus le cur le glacadh feabhsaithe íocaíochta chomh maith, b'fhéidir. Ionas gur féidir a leithéid a bhaint amach gan gaistí dífhostaíochta a chur chun donais, moltar san athbhreithniú go n-aithneofaí meicníochtaí chun na comhchodanna tacaíochta ioncaim do leanaí agus tacaíochta fostaíochta de FIT a dheighilt chomh maith, rud a ligfeadh do ráta aistarraingthe níos ísle a bheith curtha i bhfeidhm ar an gcomhchuid tacaíochta ioncaim do leanaí. Chinnteodh sé seo go gcaillfeadh daoine atá ag gabháil d'fhostaíocht íocaíochtaí spriocdhírthe do leanaí ar bhonn níos céimníthí. Ligfeadh sé do shíneadh céimnitheach FIT nó a íocaíocht iartheachaí a bheith déanta chuig teaghlaigh ina bhfuil leanaí nach bhfuil cuimsithe faoi láthair le híocaíocht spriocdhírthe do leanaí chomh maith, faoi réir acmhainní buiséid. (Fionnachtain 5-13)

Tá sé mar chonclúid ag an athbhreithniú gur féidir cás láidir a dhéanamh ar son leasú struchtúr na dtacaí i bhfianaise (i) staid an airgeadais phoiblí faoi láthair, (ii) athrú féideartha ar an gcothromaíocht idir an dá phríomhchuspóir atá mar bhonn leis an tacaíocht seo agus (iii) tuilleadh buartha ghinearálta faoi éifeachtacht an chaiteachais ar laghdú bochtaineachta i measc leanaí. Bheadh an chonclúid seo níos láidre fiú i gcás go raibh níos lú acmhainní ar fáil, ach baineann sé le méid na n-acmhainní faoi láthair chomh maith. Ina ainneoin seo, is an tuairim mheáite atá san athbhreithniú ná go bhfuil tairbhí ag baint le straitéis mheasctha agus aithnítear ann go gcuireann sé seo teorainn leis an oiread athchothromaithe is féidir a thriail. Laghdófaí cuid de na srianta sin trí leasú féideartha ar struchtúir íocaíochta. Molann an t-athbhreithniú go mbeadh an straitéis fhoriomlán á stiúradh le múnla measctha soláthair a sheachnaíonn míbhuntáistí na mbealaí cuir chuige a bhí ann roimhe seo (mídhreasachtaí fostaíochta an bhealaigh cuir chuige sna 1980í/1990í a bhí roghnaitheach go príomha agus costais mhóra an chórais atá uilíoch go príomha le deich mbliana anuas). Go praiticiúil, d'fhéadfadh an chomhchuid uilíoch a bheith níos lú ná an chomhchuid roghnaitheach i rith blianta áirithe, ach má tá luach an SL le bogadh i bhfad faoi bhun na heiliminte roghnaithe, molann an t-athbhreithniú gur chóir breithniú mór a dhéanamh ar leasú struchtúrtha a chur chun cinn ar na bealaí a ndéantar breithniú orthu sna moltaí seo a leanas: (Fionnachtain 9-3)

Tá na hathruithe a rinneadh le déanaí ar chaiteachas TIL tar éis an córas a athrú ó bheith uilíoch go príomha go bheith measctha. Tá acmhainneacht ann go fóill chun an córas a dhéanamh níos éifeachtaí taobh istigh den chóras tacaí ioncaim atá ann faoi láthair i ndírú ar bhochtaineacht i measc leanaí, gan lagú suntasach a dhéanamh ar léibheál an chúnaimh do gach teaghlach. Bhainfeadh roinnt leasuithe struchtúrtha amhail cealú an ráta SL atá níos airde agus é a dhírú ar íocaíochtaí roghnaithe (i gcomhréir le srianta buiséadacha), bhainfidís torthaí amach a bheadh pas beag níos fearr maidir le bochtaineacht i measc leanaí. Cé go mbeadh laghdú breise ar an ráta caighdeánach d'íocaíocht SL in éineacht le méaduithe ar ionstraimí spriocdhírthe i réimse chórais mheasctha go fóill, méadaíonn sé an baol go lagóidh ionstraimí roghnaitheacha na fachtóirí indíreacha (dreasachtaí fostaíochta) agus fachtóirí díreacha (rátaí fostaíochta) a chuir leis an laghdú ar bhochtaineacht i measc leanaí le blianta beaga anuas. Mar sin, is beag seans atá ann torthaí níos fearr a bhaint amach sa todhchaí leis an struchtúr atá ann faoi láthair. Molann an t-athbhreithniú roinnt athruithe ar an

gcóras atá ann faoi láthair (Caibidil 5) a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu mar mhodh feabhsaithe torthaí, go háirithe i laghdú bochtaineachta i measc leanaí agus nach mbeadh neamhréireach le leasú níos bunúsaí, d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach. (Fionnachtain 9-4)

Cé go n-aithnítear go bhféadfadh impleachtaí dearfacha a bheith ag baint le cánachas SL do thorthaí a bhaineann leis an íocaíocht SL í féin, ní mholann an t-athbhreithniú cánachas SL mar mhodh feabhsaithe éifeachtacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais d'íocaíochtaí TIL. (Fionnachtain 9-5)

Nuair a chuirtear an fhéidearthacht torthaí feabhsaithe agus na srianta ar athrú atá ann taobh istigh den chóras atá ann faoi láthair, tá sé réasúnta breithniú a dhéanamh ar leasú níos bunúsaí... Bheadh roinnt buntáistí ag baint le bealach cuir chuige a bheadh bunaithe ar leasú na dtacaí ioncaim go léir do leanaí mar chóras (bíodh sé tríd an gcreidmheas cánach in-aisíochta, íocaíocht dara ciseal nó an íocaíocht chomhtháite atá pléite thuas), i gcomparáid leis an struchtúr atá ann faoi láthair agus an rogha mhalartach atá ann de thástáil acmhainne nó gearradh cánach ar shochar linbh... Is é an príomhdhifear idir na roghanna leasaithe seo ná a bhféidearthacht go meántéarmach. D'fhéadfadh sé a bheith d'acmhainneacht ag an gcreidmheas cánach in-aisíochta maidir le leanaí agus an íocaíocht dara ciseal tacaí a spriocdhírú ar bhonn níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí. Ach déanann siad talamh slán de go bhfuil eolas ar ioncam reatha teaghlaigh ar fáil ar bhonn níos éasca ná mar atá i ndáiríre ón gcóras cánachais nó leasa shóisialaigh atá ann faoi láthair. Thógfadh an bealach cuir chuige íocaíochta comhtháite ar struchtúir íocaíochta atá ann faoi láthair, le bogadh diaidh ar ndiaidh i dtreo íocaíocht aonair a bhainfeadh le leanaí agus a mbeadh comhchodanna uilíocha agus spriocdhíríte inti. (Fionnachtain 9-7)

9.7 Achoimre

Déantar measúnú i gCaibidil 9 ar an oiread a fhírinníonn na cuspóirí leithdháileadh maoinithe phoiblí ar bhonn láithreach agus leanúnach, agus déantar scrúdú ar an scóip atá ann le haghaidh bealaí cuir chuige malartacha polasaí nó eagraíochtúla, chun na cuspóirí seo a bhaint amach ar bhonn níos éifeachtúla agus/nó níos éifeachtaí. Go hachomair, tá sé mar chonclúid ag an athbhreithniú go bhfuil bainteacht leanúnach ag caiteachas acmhainní ar thacaíocht ioncaim do leanaí, ach i bhfianaise (i) chás an airgeadais phoiblí faoi láthair, (ii) athrú féideartha ar an gcothromaíocht idir an dá phríomhchuspóir atá mar bhonn leis an tacaíocht seo agus (iii) buairt níos ginearálta faoi éifeachtacht an chaiteachais ar laghdú bochtaineachta i measc leanaí, tá cás láidir ann ar son leasú leis an méid acmhainní atá ann faoi láthair. Bheadh an cás seo níos láidre fiú dá mbeadh níos lú acmhainní ar fáil. Déantar breithniú ar chruth féideartha a leithéid de leasú agus ar na ceisteanna a d'fhéadfadh a

bheith tarraingthe anuas, i gCuid 9.2 agus 9.3. Aithníonn an tuarascáil roinnt critéar leathan a bhféadfaí roghanna eile bainteacha leasaithe a bhreithniú ina n-aghaidh, is iad sin: soláthar trédhearcachta níos mó do thorthaí sa chuspóir athdháilte chothrománaigh, torthaí níos fearr a bhaint amach do bhochtaineacht i measc leanaí, seachaint dídhreasachtaí oibre, measúnú ar an tionchar ar airgeadas poiblí agus féidearthacht an chuir i bhfeidhm.

Tugann Cuid 9.3 breac-chuntas ar na bealaí cuir chuige straitéiseacha i leith leasú polasaí, ionas gur féidir éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chaitheachais a fheabhsú. D'aithin an t-athbhreithniú roinnt bealaí cuir chuige straitéiseacha maidir le hathrú an mheascáin caiteachais ó bhealaí cuir chuige uilíocha go bealaí cuir chuige roghnaitheacha. Ina measc seo, tá úsáid na struchtúr íocaíochta atá ann faoi láthair, cé go mbeadh roinnt leasuithe ar chlár i gceist, chomh maith le bealaí cuir chuige níos córasaí i leith leasú, amhail gearradh cánach nó tástáil ioncaim ar SL, tabhairt isteach íocaíocht tacaíochta ioncaim dara ciseal do leanaí, creidmheas cánach in-aisíochta do leanaí nó bealach cuir chuige incriminteach i leith tacaíocht ioncaim do leanaí, ina bhfuil comhchodanna uilíocha agus roghnaitheacha. Bhí impleachtaí éagsúla ag baint le gach ceann acu seo agus ba ghá breithniú cúramach a dhéanamh ar na himpleachtaí ar leith a bheadh i gceist maidir leis an airgeadas poiblí, torthaí agus riarachán. Fiosraíodh leasú ar íocaíochtaí TIL i gCuid 9.4 i gcomhthéacs leathan leasuithe ar choimirce shóisialach, go háirithe maidir le híocaíochtaí aois oibre agus impleachtaí éagsúla leagtha amach do réimse na n-íocaíochtaí a bheadh i gceist.

Rinne Cuid 9.5 breithniú ar an gcaoi a bhféadfaí monatóireacht fheidhmíocht an pholasaí TIL agus na gclár bainteach a fheabhsú, trí aithint agus úsáid táscairí cuí feidhmíochta. Aithníodh réimse na dtáscairí feidhmíochta a úsáideadh san athbhreithniú seo agus leagadh amach iad de réir na tíopeolaíochta a úsáideadh sa phróiseas LAA. D'aithin an cleachtadh seo réimse leathan pointí sonraí a bhféadfaí leas a bhaint astu le haghaidh monatóireachta agus measúnú amach anseo. Rinneadh breithniú ar réimsí praiticiúla na monatóireachta chomh maith agus cinneadh go bhféadfaí bealach cuir chuige amháin a úsáid chun ailíniú a dhéanamh leis na struchtúir atá ann cheana, ar mhaithe le monatóireacht na n-eilimintí i Ráiteas Straitéise an RCS a bhaineann le leanaí.